Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10300/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0162 (NLE)**

**AELE 53**
**CH 19**
**MI 400**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 309 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 309 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 309 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.6.2025
COM(2025) 309 final

2025/0162 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise (dá ngairtear 'an Eilvéis' freisin anseo feasta) fite fuaite ina chéile ó thaobh na heacnamaíochta, na staire, an chultúir, na sochaí agus na polaitíochta de. Is é an tAontas an comhpháirtí trádála is mó atá ag an Eilvéis, agus is í an Eilvéis an ceathrú comhpháirtí trádála is mó atá ag an Aontas. Tá os cionn 1,5 milliún saoránach den Aontas Eorpach ina gcónaí san Eilvéis agus tá beagán faoi bhun 450 000 náisiúnach de chuid na hEilvéise ina gcónaí san Aontas. Téann cúpla céad míle oibrí teorann trasna na teorann idir an Aontas agus an Eilvéis sa dá threo gach lá.

Tá an tAontas agus an Eilvéis ceangailte le chéile trí roinnt comhaontuithe déthaobhacha. Trí chomhaontuithe maidir le saorghluaiseacht daoine, iompar talún, aeriompar, trádáil i dtáirgí talmhaíochta agus aitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta, glacann an Eilvéis páirt i margadh inmheánach an Aontais[1]. Ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, is tír í an Eilvéis atá comhlachaithe le Schengen. Le linn phaindéim COVID-19 tháinig méadú ar an gcomhar idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le bagairtí sláinte trasteorann. Ba chomhpháirtí láidir riamh i dtaighde agus i nuálaíocht an Eilvéis. Chomhoibrigh an tír leis an Aontas ar go leor clár cistiúcháin de chuid an Aontais atá dírithe go háirithe ar thaighde, ar nuálaíocht agus ar oideachas.

Cé go bhfuil dlúthchaidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis, tá bac curtha air freisin mar gheall ar roinnt fadhbanna struchtúracha atá ann le fada an lá. Chun na fadhbanna sin a réiteach, idir 2014 agus 2021, rinne an tAontas agus an Eilvéis caibidlíocht maidir le Creat-Chomhaontú Institiúideach. Leis an gCreat-Chomhaontú Institiúideach, sholáthrófaí an creat rialachais le haghaidh comhaontuithe breise i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach, lena n- áirítear comhaontuithe a raibh caibidlíocht ina leith údaraithe ag an gComhairle, go háirithe maidir le sábháilteacht bia (2003 agus 2008) agus leictreachas (2006). Ina theannta sin, sholáthrófaí leis an creat rialachais le haghaidh an chomhaontaithe maidir leis an tsláinte, a raibh an chaibidlíocht ina leith údaraithe ag an gComhairle in 2008.

Tháinig caibidleoirí ar chomhaontú maidir le dréacht- téacs Creat- Chomhaontaithe Institiúidigh ar an leibhéal teicniúil i mí na Samhna 2018. Mar fhreagairt ar dhiúltú na Comhairle Cónaidhme an dréacht-téacs a fhormhuiniú, tháinig deireadh leis an gcaibidlíocht maidir leis na comhaontuithe eile toisc gur chuir an Chomhairle, ina conclúidí an 19 Feabhra 2019, agus Parlaimint na hEorpa, ina moladh an 26 Márta 2019, tabhairt i gcrích comhaontuithe nua maidir le rochtain ar an margadh inmheánach nó coinníollacha feabhsaithe faoi chomhaontuithe atá ann cheana faoi réir thabhairt i gcrích an Chreat-Chomhaontaithe Institiúidigh. An 26 Bealtaine 2021, d'ainneoin iarrachtaí breise teacht ar réitigh, chinn

---

1 Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar, Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hAeriompar, Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine, Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta, Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, ar síníodh iad uile an 21 Meitheamh 1999 (IO L 114, 30.4.2002, lch. 1).

Comhairle Cónaidhme na hEilvéise deireadh a chur go haontaobhach leis an gcaibidlíocht maidir leis an gCreat- Chomhaontú Institiúideach. Chuir cinneadh aontaobhach na hEilvéise stop sealadach leis an gcomhar déthaobhach i réimsí an taighde, na nuálaíochta agus an oideachais.

Nuair a theip ar an gcaibidlíocht maidir leis an gCreat-Chomhaontú Institiúideach, chuir an Coimisiún Eorpach agus an Eilvéis tús le cainteanna tosaigh i mí an Mhárta 2022 chun todhchaí an chaidrimh idir an tAontas agus an Eilvéis a phlé. Mar thoradh ar na cainteanna sin, thángthas ar Chomhthuiscint lenar taifeadadh tuiscint pholaitiúil an dá thaobh maidir leis an mbealach chun cinn le haghaidh na caibidlíochta amach anseo agus lenar sainaithníodh comhpháirteanna agus paraiméadair pacáiste caibidlíochta leathain, chomh maith le réimsí a bhfuil tuiscint ann maidir leo agus réitigh i ndáil le príomhphointí institiúideacha agus earnála.

D'fhormhuinigh Comhairle Cónaidhme na hEilvéise agus an Coimisiún Eorpach an Chomhthuiscint i mí na Samhna 2023. Gheall an dá thaobh go n- úsáidfidís í mar bhonn chun a sainorduithe caibidlíochta a lorg agus thaifead siad a n- uaillmhian an chaibidlíocht a thabhairt chun críche le linn 2024.

Dá bhrí sin, an 20 Nollaig 2023, ghlac an Coimisiún Moladh le haghaidh cinneadh ón gComhairle chun caibidlíocht a údarú maidir leis an bpacáiste leathan beart a sainaithníodh agus a sainíodh le linn na gcainteanna tosaigh[2]. Ba é cuspóir foriomlán na caibidlíochta sin an caidreamh déthaobhach idir an tAontas agus an Eilvéis a nuachóiriú agus a neartú, iomaíocht chóir a áirithiú idir cuideachtaí an Aontais agus na hEilvéise atá ag feidhmiú laistigh den mhargadh inmheánach, agus cearta na saoránach den Aontas Eorpach san Eilvéis a chosaint, lena n- áirítear cosc a chur ar idirdhealú idir saoránaigh Ballstát éagsúil. Chuirfeadh sé sin ar a gcumas do na saoránaigh, na gnólachtaí agus na taighdeoirí ar an dá thaobh tairbhe iomlán a bhaint as an ngaireacht gheografach, as na luachanna comhroinnte agus as na naisc eacnamaíocha idir an tAontas agus an Eilvéis. An tráth céanna, thug an Chomhairle Cónaidhme faoin obair ullmhúcháin chomhfhreagrach ar thaobh na hEilvéise. Tar éis na próisis ábhartha san Eilvéis a thabhairt chun críche, ghlac an Chomhairle cinneadh an 12 Márta 2024, lenar údaraíodh don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an bpacáiste leathan beart, mar aon le treoracha caibidlíochta mionsonraithe[3].

Sheol Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, agus Uachtarán Chónaidhm na hEilvéise ag an am, Viola Amherd, an chaibidlíocht maidir leis an bpacáiste leathan an 18 Márta 2024. Rinne an Coimisiún an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gComhairle, lena n- áirítear an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, agus Meitheal CSTE mar an coiste speisialta arna ceapadh ag an gComhairle chun caibidlíocht a dhéanamh leis an Eilvéis. Tugadh aird chuí ar rún ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2023 agus choinnigh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go hiomlán i gcomhréir le hAirteagal 218(10) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Tar éis 9 mí de dhianchaibidlíocht, d'fhógair na hUachtaráin von der Leyen agus Amherd gur tugadh an plé maidir le gach gné den phacáiste leathan chun críche go rathúil an 20 Nollaig 2024. Áirítear sa phacáiste leathan cúig chomhaontú a thabhairt cothrom le dáta lena dtugtar

[2] COM(2023) 798 final, 20.12.2023.

[3] Cinneadh (AE, Euratrom) 2024/995 ón gComhairle an 12 Márta 2024 lena n- údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Cónaidhm na hEilvéise i ndáil le forálacha institiúideacha i gcomhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise a bhaineann leis an margadh inmheánach, i ndáil le comhaontú maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir an Aontais agus i ndáil le comhaontú atá mar bhonn le rannchuidiú buan na hEilvéise le comhtháthú an Aontais (IO L, 2024/995, 26.3.2024).

rochtain faoi láthair don Eilvéis ar mhargadh inmheánach an Aontais; an sásra um réiteach díospóidí a thabhairt cothrom le dáta sa chomhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, ar aon dul leis an gcleachtas bunaithe i gcomhaontuithe trádála an Aontais agus na hEilvéise le comhpháirtithe eile; prótacal nua maidir le sábháilteacht bia lena mbunófar Comhlimistéar Sábháilteachta Bia lena gcumhdófar gach gné den bhiashlabhra agus a chuirfear in ionad na n-iarscríbhinní sláintíochta agus fíteashláintíochta a ghabhann leis an gcomhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta; comhaontú nua maidir le leictreachas lena gceadófar rannpháirtíocht na hEilvéise i margadh inmheánach leictreachais an Aontais; comhaontú nua maidir leis an tsláinte lena gceadófar don Eilvéis páirt a ghlacadh i sásraí agus i gcomhlachtaí an Aontais a thugann aghaidh ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, go háirithe an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú agus an Córas Luathrabhaidh agus Freagartha; comhaontú nua maidir le ranníocaíocht airgeadais bhuan chothrom na hEilvéise leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta laistigh den Aontas, lena léirítear leibhéal na comhpháirtíochta agus an chomhair idir na páirtithe; agus comhaontú nua lena gceadófar don Eilvéis a bheith páirteach i roinnt clár de chuid an Aontais atá oscailte do chomhlachas tríú tíortha: Fís Eorpach, Clár Taighde agus Oiliúna Euratom, ITER/F4E (Fuinneamh Comhleá), an Eoraip Dhigiteach, Erasmus+, chomh maith le EU4Health, clár arb é is aidhm dó comhlánú a dhéanamh ar an gcomhar a bunaíodh sa chomhaontú idir an tAontas agus an Eilvéis maidir leis an tsláinte, a rinne an dá chomhpháirtí a chaibidliú mar chuid den phacáiste leathan céanna. Sa bhreis ar na gnéithe a liostaítear thuas, áirítear sa phacáiste leathan Prótacal ar leith maidir le comhar parlaiminteach.

Baineann an togra sin le tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe agus na bprótacal seo a leanas laistigh den phacáiste leathan:

(a) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine;

(b) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine;

(c) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;

(d) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;

(e) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar

(f) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar;

(g) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar;

(h) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar;

(i) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta;

(j) Prótacal institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta;

(k) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta;

(l) Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta lena mbunaítear Comhlimistéar Sábháilteachta Bia;

(m) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le leictreachas;

(n) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an tsláinte;

(o) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht thráthrialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú;

(p) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais;

(q) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis;

(r) Prótacal idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar parlaiminteach.

Tá Dearbhú Comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ó Chónaidhm na hEilvéise ag gabháil leis na comhaontuithe agus na prótacail sin maidir le hidirphlé ardleibhéil a bhunú i ndáil leis an bpacáiste leathan déthaobhach agus leis an bhforbairt bhreise fhéideartha ar an gcaidreamh déthaobhach idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis, ar cheart é a fhormheas thar ceann an Aontais.

Foráiltear leis an gcomhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis go gcuirfear i bhfeidhm go sealadach é ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh nó ón 1 Eanáir den bhliain tar éis a shínithe, ag brath ar cé acu a dhéanfar an síniú sin roimh an 1 Iúil 2026 nó nach ndéanfar.

Cé gur cuid dhílis den phacáiste níos leithne a caibidlíodh idir an dá chomhpháirtí in 2024 é an comhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir an Aontais, chinn an Coimisiún dlús a chur leis an togra maidir lena shíniú agus é d'aidhm aige tús a chur lena chur i bhfeidhm sealadach ón 1 Eanáir 2025. Rinne an Coimisiún tograí ar leithligh chuige sin[4].

Leis an gcur chuige a bheartaítear, beifear in ann éifeacht a thabhairt do na socruithe idirthréimhseacha a dheonaigh an Coimisiún don Eilvéis le linn chaibidliú an phacáiste

[4] COM(2025) 159 final agus SWD(2025) 160 final, 9.4.2025

leathain. An tráth céanna, ní dhéanann sé difear do chur chuige an phacáiste leathain arna bhunú leis an gComhthuiscint agus arna dhearbhú le sainordú na Comhairle.

Áirítear clásal éagtha sa chomhaontú a bhaineann le rannpháirtíocht na hEilvéise i gclár an Aontais, lena bhforáiltear go scoirfear de chur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe mura dtabharfaidh an Eilvéis chun críche na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh an pacáiste i bhfeidhm faoi dheireadh 2028. Dá bhrí sin, déantar foráil leis an togra ón gCoimisiún i ndáil le síniú an chomhaontaithe maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir an Aontais go dtabharfar i gcrích é mar chuid den phacáiste leathan comhaontuithe a bhí ina n-ábhar don chaibidlíocht a rinneadh in 2024.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Trí fhorálacha institiúideacha a thabhairt isteach, áiritheofar go gcuirfear *acquis* an Aontais i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí agus níos aonfhoirmí sna codanna sin den mhargadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach nó i réimsí beartais ina bhfuil gealltanas tugtha ag an Eilvéis ailíniú dinimiciúil a dhéanamh, i leith phrionsabail an léirithe agus an chur i bhfeidhm chomhionainn, agus i leith réiteach díospóidí, agus go mbeidh ról ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le hábhair a bhaineann le dlí an Aontais. Tá prionsabail an neamh- idirdhealaithe ar shaoránaigh den Aontas agus na cothroime iomaíochta idir cuideachtaí an Aontais agus cuideachtaí na hEilvéise i gcroílár na gcomhaontuithe éagsúla.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an bpacáiste leathan comhaontuithe idir an tAontas agus an Eilvéis, urramaítear na Conarthaí go hiomlán agus caomhnaítear sláine agus neamhspleáchas dhlíchóras an Aontais. Cuirtear luachanna, cuspóirí, agus leasanna an Aontais chun cinn leis, agus áirithítear comhsheasmhacht, éifeachtacht agus leanúnachas a bheartas agus a ghníomhaíochtaí.

Na hathruithe institiúideacha agus na hathruithe substainteacha ar na comhaontuithe atá ann cheana, chomh maith le, i gcás inarb ábhartha, rialacha maidir le Státchabhair a thabhairt isteach, agus na comhaontuithe nua, cuideoidh siad le cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach sna réimsí beartais seo a leanas:

– margadh inmheánach;

– iomaíocht,

– fostaíocht agus gnóthaí sóisialta,

– saorghluaiseacht daoine,

– iompar,

– talmhaíocht,

– sábháilteacht agus cáilíocht bia,

– ainmhithe agus táirgí ainmhí,

– plandaí agus táirgí plandaí,

– cosaint tomhaltóirí;

– fuinneamh,

– an tsláinte,

– trádáil.

Ina theannta sin, leis an gcomhaontú lena gcomhlachaítear an Eilvéis le cláir de chuid an Aontais agus leis an gcomhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, rannchuideofar le cuspóirí beartais an Aontais a chur chun cinn sna réimsí beartais seo a leanas:

– oideachas agus oiliúint,

– taighde agus nuálaíocht,

– an geilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach,

– an tsláinte,

– spás.

Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht thráthrialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú, rannchuideofar le cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach i ndáil lena chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta.

Trína áirithiú go ndéanfaidh an Eilvéis ranníocaíocht airgeadais leordhóthanach le bainistiú agus le hoibriú na gclár agus na ngníomhaireachtaí ina bhfuil sí páirteach agus leis na córais faisnéise a bhfuil rochtain aici orthu, áiritheofar go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

Tá an fóram le haghaidh comhar agus idirphlé idir comhaltaí Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí Thionól Cónaidhme na hEilvéise, a bunaíodh le prótacal tiomnaithe, i gcomhréir leis an gcleachtas i gcomhaontuithe comhlachais agus comhpháirtíochta straitéisí a thugann an tAontas i gcrích le tríú tíortha.

Cé go dtéann roinnt comhaontuithe nó prótacal a chumhdaítear leis an togra seo ar iontaoibh na gcóras teicniúil agus digiteach chun iad a chur chun feidhme, ní thugtar isteach leis an togra aon cheanglas lena sainordaítear athruithe i ndáil le húsáid nó ailtireacht na gcóras sin. Ní dhéanann an togra difear don phrionsabal ‘digiteach mar réamhshocrú’.

## 2. BUNÚS DLÍ

I dteannta a chéile, tá dlúthnasc idir na comhaontuithe agus na prótacail is ábhar don chinneadh a bheartaítear agus is iomlán comhleanúnach iad agus leagtar síos leo struchtúr comhpháirtíochta treisithe, cuimsithí i raon leathan réimsí a chumhdaítear leis na Conarthaí, bunaithe ar chothromaíocht iomchuí idir cearta agus oibleagáidí. Dá bhrí sin, is é Airteagal 217 CFAE an bunús dlí substainteach iomchuí don Chinneadh ón gComhairle atá beartaithe maidir le tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe agus na bprótacal thuasluaite.

I gcás comhaontuithe comhlachais, féadfaidh an Chomhairle an cinneadh a ghlacadh lena dtugtar an comhaontú i gcrích tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. Ós rud é gurb é Airteagal 217 CFAE an bunús dlí substainteach, ceanglaítear toiliú ó fháil Pharlaimint na hEorpa. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(i), CFAE, arna léamh i gcomhar leis an dara fomhír d’Airteagal 218(8) CFAE, an bunús dlí nós imeachta den chinneadh lena dtugtar i gcrích na comhaontuithe agus na prótacail is ábhar don togra seo. Ina theannta sin, ba cheart Airteagal 218(7) CFAE a chur isteach mar bhunús dlí toisc gurb iomchuí don Chomhairle an Coimisiún a údarú chun formheas a dhéanamh ar mhodhnuithe áirithe ar na comhaontuithe thar ceann an Aontais atá le glacadh trí nós imeachta simplithe nó ag comhlacht a chuirtear ar bun leis na comhaontuithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 217 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(i), Airteagal 218(7) CFAE agus an dara fomhír d'Airteagal 218(8) CFAE, an bunús dlí don Chinneadh atá beartaithe ón gComhairle.

Measann an Coimisiún go bhfuil inniúlacht ag an Aontas i ngach réimse a chumhdaítear leis na comhaontuithe agus na prótacail is ábhar don togra seo agus, dá bhrí sin, gur cheart don Aontas amháin na comhaontuithe agus na prótacail a thabhairt i gcrích.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh tionchar ag an gComhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir an Aontais ar bhuiséad an Aontais trí chomhlachas na hEilvéise le Fís Eorpach, Clár Taighde agus Oiliúna Euratom, le gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt, leis an Eoraip Dhigiteach, le Erasmus+ agus le cláir EU4Health. Leagtar amach sa chomhaontú coinníollacha córa cothroma maidir le ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise le cláir de chuid an Aontais ina mbeadh sí páirteach agus déantar foráil do na costais riaracháin ghinearálta chun na cláir sin a bhainistiú. Áirítear sa chomhaontú clásal cómhalartachta, lena n- áiritheofar go mbeidh rochtain, a mhéid is féidir, ag eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas ar rannpháirtíocht i gcláir choibhéiseacha taighde agus nuálaíochta na hEilvéise, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i reachtaíocht intíre na hEilvéise.

Leagtar amach le Cuid I den Ráiteas Airgeadais Reachtach a chuirtear i láthair leis an togra seo na himpleachtaí buiséadacha táscacha den chomhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gclár an Aontais.

Sna comhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach, sa chomhaontú maidir leis an tsláinte agus sa chomhaontú maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, chomhaontaigh an Eilvéis ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanamh le buiséad an Aontais chun na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí ina bhfuil sí páirteach, agus na córais faisnéise a bhfuil rochtain aici orthu, a bhainistiú agus a oibriú, agus raon feidhme gach comhaontaithe á chur san áireamh.

I bhformhór na gcásanna, leagtar amach na módúlachtaí íocaíochta in iarscríbhinní tiomnaithe, a leanann an tsamhail chéanna. Ceanglaítear le sraith forálacha caighdeánacha is coiteann do na comhaontuithe agus na prótacail lena mbaineann go n-íocfaidh an Eilvéis ranníocaíocht airgeadais bhliantúil a bheidh dlite ar na dátaí a shonraítear sna glaonna ar chistí arna n-eisiúint ag an gCoimisiún Eorpach. Beidh an ranníocaíocht sin comhdhéanta de shuim ranníocaíochta oibríochtúla agus táille rannpháirtíochta.

I gcás ina bhfuil socruithe maoiniúcháin eile ann cheana i leith gníomhaireachtaí nó córais faisnéise, coinnítear ar bun iad.

Tugtar tuairisc ar na socruithe maoiniúcháin sonracha le haghaidh na ngníomhaireachtaí agus na gcóras faisnéise sa roinn ina sonraítear forálacha na gcomhaontuithe. Léirítear le Cuid II den Ráiteas Airgeadais Reachtach a chuirtear i láthair leis an togra seo na himpleachtaí buiséadacha amach anseo a bhaineann leis na socruithe sin agus a módúlachtaí íocaíochta.

## 4. EILIMINTÍ EILE

- **Cur chun feidhme ag comhlachtaí a bhunaítear faoi na comhaontuithe agus na prótacail**

Tá an pacáiste comhaontuithe ceangailte le chéile trí fhorálacha institiúideacha comhchosúla agus/nó idirnaisc eile. Na comhaontuithe uile a chumhdaítear leis an bpacáiste leathan, áirítear leo Comhchoistí atá comhdhéanta d'ionadaithe an Aontais agus na hEilvéise, a leanann an tsamhail chéanna den chuid is mó. Leis na comhaontuithe uile i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach, leis an gcomhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, leis an gcomhaontú maidir le sláinte agus leis an gcomhaontú maidir le ranníocaíocht thráthrialta airgeadais na hEilvéise le comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch an Aontais, is féidir meithleacha a bhunú. Tá sásraí um réiteach díospóidí i roinnt comhaontuithe, bunaithe ar an tsamhail chéanna, lena n-áirithítear gur féidir aghaidh a thabhairt ar sháruithe a dhéanfadh ceann de na Páirtithe ar oibleagáidí faoin gcomhaontú lena mbaineann nó ar fud an phacáiste comhaontuithe. Ar deireadh, bunaítear leis an bprótacal maidir le comhar parlaiminteach Comhchoiste Parlaiminteach atá comhdhéanta d'ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Thionól Cónaidhme na hEilvéise.

- **Cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na gcomhaontuithe agus na bprótacal**

I gcomhréir le hAirteagal 216(2) CFAE, beidh comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas ina gceangal ar institiúidí an Aontais agus ar a Bhallstáit.

Is iomchuí an Coimisiún a údarú, de bhun Airteagal 218(7) CFAE, seasamh an Aontais a ghlacadh maidir le cinntí áirithe teicniúla, atá le glacadh trí nós imeachta simplithe nó ag comhlacht a chuirtear ar bun faoi na comhaontuithe atá mar chuid den phacáiste chun bainistiú agus oibriú éifeachtach agus éifeachtúil na gcomhaontuithe agus na bprótacal a áirithiú. Baineann údaruithe den sórt sin e.g.leis na cineálacha cinntí seo a leanas:

– treoracha maidir le láimhseáil faisnéise íogaire neamhaicmithe a shainmhíniú,

– meithleacha nua a chur ar bun faoi na comhaontuithe,

– gníomhartha dlí de chuid an Aontais a chomhtháthú sna comhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach agus sa chomhaontú maidir leis an tsláinte, faoi réir aon choigeartú teicniúil is gá,

– iarscríbhinní áirithe a ghabhann leis an gcomhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta a leasú,

– iarscríbhinní áirithe a ghabhann leis an gcomhaontú maidir le hiompar de thalamh, seachas iad siúd a bhfuil feidhm ag an ailíniú dinimiciúil ina leith, a leasú,

– réitigh a ghlacadh le haghaidh malartú díreach faisnéise idir an Coimisiún Eorpach agus údaráis inniúla na hEilvéise agus na comhlachtaí ábhartha i réimsí ina bhfuil gá le haistriú mear faisnéise.

Ba cheart don Choimisiún an Chomhairle a chur ar an eolas roimh ré faoi aon chinneadh atá ag teacht aníos de na cineálacha thuas. Féadfaidh an Chomhairle agóid a dhéanamh in aghaidh na cinntí sin atá beartaithe trí mhionlach blocála na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) CAE. Sa chás sin, ní mór don Choimisiún an cinneadh atá beartaithe a dhiúltú thar ceann an Aontais, gan dochar don fhéidearthacht togra a chur faoi bhráid na Comhairle ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE.

Chun comhlíontacht na n-oibleagáidí faoi na comhaontuithe atá mar chuid den phacáiste a ráthú, foráiltear leis na comhaontuithe agus na prótacail maidir le sásraí forfheidhmithe láidre i bhfoirm sásraí um réiteach díospóidí sna comhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an

margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach, sa chomhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, sa chomhaontú maidir leis an tsláinte agus sa chomhaontú maidir le ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise le comhtháthú an Aontais.

Déantar foráil leis an gcuid is mó de na comhaontuithe agus na prótacail atá mar chuid den phacáiste maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaidh na Páirtithe bearta chun a leasanna a chosaint, amhail bearta cúiteacha as mainneachtain cinneadh ó bhinse eadrána a chomhlíonadh, nó bearta coimirce, cothromaithe, géarchéime agus eile in imthosca a shainítear sna comhaontuithe agus prótacail ábhartha. Tá sé tábhachtach go mbeadh an tAontas lán-ábalta na bearta sin a úsáid go pras agus go héifeachtach. Chun na críche sin, is é an Coimisiún a dhéanfaidh aon chinneadh ón Aontas na bearta sin a dhéanamh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha comhfhreagracha na gcomhaontuithe agus na bprótacal ábhartha.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

<u>Comhdhéanamh an phacáiste leathain agus cineál na gcomhaontuithe agus na bprótacal</u>

Is éard atá sa phacáiste leathan roinnt comhaontuithe agus prótacal a bhfuil cuspóirí agus socruithe éagsúla acu, fiú má tá eilimintí coiteanna acu. Áirítear leis an bpacáiste go háirithe comhaontuithe agus prótacal i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach, comhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, comhaontuithe comhair, agus prótacal maidir le comhar parlaiminteach. Tá dearbhuithe comhpháirteacha ag gabháil le roinnt de na comhaontuithe agus na prótacail sin. Comhlánaítear an pacáiste le dearbhú comhpháirteach maidir le hidirphlé ardleibhéil a bhunú idir an tAontas agus an Eilvéis.

*Comhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach*

Mar thoradh ar athruithe institiúideacha, measfar ceithre chomhaontú as cúig cinn atá ann cheana a bheith ina gcomhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach, rud a bhfuil impleachtaí aige go háirithe maidir lena n-idirnascadh. Beidh an stádas sin ag comhaontú nua agus ag prótacal nua freisin.

*Comhaontuithe atá ann cheana a mheasfar a bheith ina gcomhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach*

– Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le saorghluaiseacht daoine’ anseo feasta),

– Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le haeriompar’ anseo feasta),

– Comhaontú idir Cónaidhm na hEilvéise agus an Comhphobal Eorpach maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d’Iarnród agus de Bhóthar (dá ngairtear ‘Comhaontú maidir le hiompar de thalamh’ anseo feasta),

– Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach’ anseo feasta).

*Comhaontú agus prótacal nua a mheasfar a bheith ina gcomhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach*

– Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le leictreachas (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le leictreachas’ anseo feasta),

– Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta lena mbunaítear Comhlimistéar Sábháilteachta Bia (dá ngairtear 'Prótacal maidir leis an gComhlimistéar Sábháilteachta Bia' anseo feasta).

*Comhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta*

– Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (dá ngairtear 'Comhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta' anseo feasta). Ní mheasfar a thuilleadh gur comhaontú i réimse a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach é an comhaontú sin.

*Comhaontaithe comhair*

Is féidir a mheas gur comhaontuithe comhair iad roinnt comhaontuithe agus dá bhrí sin ní comhaontuithe iad i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach. Leagan amach éagsúil atá orthu agus ábhar éagsúil atá iontu ag brath ar a gcuspóir. Is iad seo a leanas na comhaontuithe sin:

– Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an tsláinte (dá ngairtear 'an comhaontú Sláinte' anseo feasta),

– Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht thráthrialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú (dá ngairtear 'an Comhaontú maidir le hAontacht' anseo feasta),

– Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir an Aontais (dá ngairtear 'an Comhaontú maidir le cláir an Aontais' anseo feasta).

– Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (dá ngairtear 'Comhaontú maidir leis an nGníomhaireacht um an gClár Spáis' anseo feasta).

*Prótacal maidir le comhar parlaiminteach*

Leis an bPrótacal idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar parlaiminteach (dá ngairtear 'Prótacal maidir le comhar parlaiminteach' anseo feasta), soláthraítear bunús dlí agus sásraí le haghaidh comhar polaitiúil idir Parlaimint na hEorpa agus Tionól Cónaidhme na hEilvéise.

*Idirphlé ardleibhéil*

Leis an 'Dearbhú Comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ó Chónaidhm na hEilvéise maidir le hidirphlé ardleibhéil a bhunú i ndáil leis an bpacáiste leathan déthaobhach agus leis an bhforbairt bhreise fhéideartha ar an gcaidreamh déthaobhach idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis', soláthrófar creat don phlé polaitiúil idir an Coimisinéir Eorpach agus Comhairleoir Cónaidhme na hEilvéise atá i gceannas ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis. Is uirlis choiteann é an t-idirphlé ardleibhéil ar a mbraitheann an tAontas chun spreagthaí a chur ar fáil don chomhar le tríú tíortha i réimse ar leith.

Comhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach

*Forálacha institiúideacha*

Áiríodh forálacha institiúideacha comhionanna i ngach comhaontú i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach, faoi réir oiriúnuithe a bhfuil údar teicniúil leo, mar chuid de na comhaontuithe nua nó trí bhíthin prótacail institiúideacha. Cuirtear na réitigh institiúideacha chéanna i bhfeidhm de réir analaí sa Chomhaontú maidir leis an tsláinte. Cuimsítear sna forálacha institiúideacha na heilimintí seo a leanas:

(1) *léiriú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach*: oibleagáid na comhaontuithe lena mbaineann a léiriú go comhionann agus a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach laistigh den mhargadh inmheánach, agus, a mhéid a áirítear leo coincheapa dhlí an Aontais, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, roimh shíniú an chomhaontaithe chomhfhreagraigh agus ina dhiaidh sin;

(2) *ailíniú dinimiciúil*: oibleagáid, faoi réir eisceachtaí teoranta, ar na páirtithe gníomhartha dlí uile an Aontais a thagann faoina raon feidhme a chomhtháthú sna comhaontuithe lena mbaineann; mar gheall ar a dhlíchóras monasaí, tiocfaidh na gníomhartha sin chun bheith ina gcuid de dhlíchóras na hEilvéise trína gcomhtháthú sna comhaontuithe. Mar chúiteamh air sin, beidh an Eilvéis páirteach agus na gníomhartha atá le comhtháthú sna comhaontuithe lena mbaineann á n-ullmhú, mar shampla, beidh an Eilvéis páirteach sna coistí comhfhreagracha agus sna grúpaí saineolaithe comhfhreagracha gan ceart vótála acu. Ar chúiseanna stairiúla, i gcás na gcomhaontuithe maidir le haitheantas frithpháirteach agus iompar de thalamh, tá sé d’oibleagáid ar an Eilvéis forálacha den dlí náisiúnta a ghlacadh lena mbaintear amach an toradh atá le baint amach leis na gníomhartha sin;

(3) *réiteach díospóidí*: sásra éifeachtach chun díospóidí a réiteach bunaithe ar eadráin tríú páirtí; tá sé d’oibleagáid ar an mbinse eadrána ceisteanna maidir le forálacha na gcomhaontuithe a bhaineann le coincheapa de dhlí an Aontais a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a bhfuil a tuairimí ceangailteach ó thaobh dlí de ar an mbinse eadrána;

(4) *idirnasc idir na comhaontuithe*: an fhéidearthacht do na páirtithe bearta cúitimh comhréireacha, éifeachtacha a dhéanamh mar chuid de nós imeachta chun díospóidí a réiteach i gcás ina measfaidh páirtí nár chomhlíon an páirtí eile cinneadh ón mbinse eadrána; is féidir na bearta cúiteacha sin a dhéanamh sa chomhaontú lena mbaineann nó in aon chomhaontú eile a bhaineann leis an margadh inmheánach, lena n-áirítear an comhaontú nó na comhaontuithe sin a chur ar fionraí go páirteach nó go hiomlán.

*Forálacha maidir le Státchabhair*

Ina theannta sin, áirítear rialacha substainteacha agus rialacha nós imeachta, lena n-áirítear sásraí faireachais agus forfheidhmithe, atá coibhéiseach leis na cinn a chuirtear i bhfeidhm laistigh den Aontas, sna comhaontuithe sin lenar gá cothroime iomaíochta a áirithiú ar an margadh inmheánach, go háirithe sna comhaontuithe maidir le haeriompar, iompar de thalamh agus leictreachas. Leagtar amach na rialacha sin maidir le Státchabhair i gcorp an chomhaontaithe, mar is amhlaidh i gcás an Chomhaontaithe maidir le leictreachas, nó i bprótacail thiomnaithe, mar is amhlaidh i gcás na gcomhaontuithe maidir le haeriompar agus iompar de thalamh. Sa dá chás, leagtar amach in iarscríbhinní tiomnaithe na rialacha ginearálta agus na rialacha earnála maidir le Státchabhair lena gcomhlánaítear an creat thuasluaite.

*Rannpháirtíocht i ngníomhaireachtaí agus i gcórais faisnéise*

Gheobhaidh an Eilvéis rochtain bhreise ar ghníomhaireachtaí agus/nó ar chórais faisnéise faoi na comhaontuithe seo a leanas i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach: an Comhaontú maidir le saorghluaiseacht daoine, an Comhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach, an Prótacal maidir leis an gComhlimistéar Sábháilteachta Bia agus an Comhaontú maidir le leictreachas. Gheobhaidh an Eilvéis rochtain bhreise freisin ar ghníomhaireacht agus ar chórais faisnéise faoin gComhaontú maidir leis an tsláinte.

Beidh feidhm ag na forálacha caighdeánacha thuasluaite maidir leis na socruithe maoiniúcháin a ghabhann leis an rochtain bhreise ar ghníomhaireachtaí agus ar chórais faisnéise a gheobhaidh an Eilvéis tríd an bpacáiste leathan. I bprionsabal, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha caighdeánacha sin maidir leis na socruithe maoiniúcháin a bhaineann le haon rochtain bhreise ar ghníomhaireachtaí, comhlachtaí, córais faisnéise agus gníomhaíochtaí eile a fhéadfaidh an Eilvéis a fháil amach anseo faoi chomhaontuithe atá ina gcuid den phacáiste nó faoi chomhaontuithe breise a fhéadfaidh an tAontas agus an Eilvéis a thabhairt i gcrích.

Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil a bheidh mar chuid de ranníocaíocht airgeadais bhliantúil na hEilvéise bunaithe ar threoir ranníoca arna sainiú mar an cóimheas idir Olltáirgeacht Intíre (OTI) na hEilvéise ag praghsanna an mhargaidh agus OTI an Aontais ag praghsanna an mhargaidh[5]. Cuirfear an treoir ranníoca i bhfeidhm maidir le buiséad bliantúil an Aontais ar vótáladh ina fhabhar inscríofa ar líne/línte fóirdheontais bhuiséid ábhartha an Aontais den bhliain i gceist, faoi réir, i gcás inarb iomchuí, coigeartuithe lena gcuirtear raon feidhme comhaontaithe san áireamh. Déanfar an ranníocaíocht oibríochtúil le haghaidh na gcóras faisnéise agus na ngníomhaíochtaí eile a ríomh tríd an treoir ranníoca a chur i bhfeidhm ar bhuiséad ábhartha na bliana i gceist mar a leagtar amach i ndoiciméid lena gcuirtear an buiséad chun feidhme (amhail cláir oibre nó conarthaí). Is 4 % den ranníocaíocht oibríochtúil a bheidh sa táille rannpháirtíochta bhliantúil.

Beidh na méideanna tagartha uile bunaithe ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas.

Áirítear freisin leis na comhaontuithe lena ndeonófar rochtain don Eilvéis ar ghníomhaireachtaí foscríbhinn maidir le cearta, pribhléidí agus díolúintí na ngníomhaireachtaí sin agus a bhfoirne, foscríbhinn a leanann samhail chaighdeánach agus a léiríonn forálacha Phrótacal (Uimh. 7) maidir le pribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh.

*Comhaontú maidir le saorghluaiseacht daoine*

Leis an gComhaontú arna thabhairt cothrom le dáta maidir le saorghluaiseacht daoine, déanfar foráil maidir le hailíniú dinimiciúil na hEilvéise le gníomhartha dlí an Aontais atá ann faoi láthair agus iad siúd a bheidh ann amach anseo i réimse na saorghluaiseachta daoine agus an phostaithe oibrithe.

Leis an bprótacal leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú maidir le saorghluaiseacht daoine, déantar athruithe ar a struchtúr. Sa leagan atá ann faoi láthair, áirítear leis an gcomhaontú líon mór forálacha substainteacha in Iarscríbhinn I a ghabhann leis. Cuirtear in ionad na hIarscríbhinne sin liosta de ghníomhartha dlí an Aontais a mbeidh an Eilvéis ailínithe go dinimiciúil leo agus lena gcumhdófar, den chuid is mó, substaint na bhforálacha sin.

[5] Is iad na OTInna faoi seach a bheidh le cur i bhfeidhm na cinn is déanaí a bheidh ar fáil ón 1 Eanáir den bhliain ina ndéantar an íocaíocht bhliantúil mar a sholáthróidh Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (EUROSTAT), agus aird chuí á tabhairt ar an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar i réimse an staidrimh (IO L 90, 28.3.2006, lch. 2).

Beidh roinnt eisceachtaí ar ailíniú dinimiciúil ag gabháil le cur in ionad fhorálacha substainteacha an chomhaontaithe le comhtháthú *acquis* an Aontais sna réimsí seo a leanas: tréimhse agus rialuithe maidir le fógra roimh ré, ráthaíochtaí airgeadais agus smachtbhannaí ar sholáthraithe seirbhíse, cruthúnas ar fhéinfhostaíocht, buanchónaí a fháil, maoin dhochorraithe a cheannach, cártaí aitheantais, díbirtí agus ábhair áirithe dlí cantúin a bhaineann le comhordú scéimeanna slándála sóisialta. Tá roinnt de na heisceachtaí sin san áireamh cheana sa chomhaontú atá ann cheana. Déanfar athbhreithniú ar an bhforáil atá ann cheana maidir le cearta mac léinn, ionas nach féidir leis na Páirtithe a thuilleadh idirdhealú a dhéanamh in aghaidh mhic léinn an Pháirtí eile a mhéid a bhaineann le táillí teagaisc, chomh maith le sásraí tacaíochta poiblí gaolmhara, in ollscoileanna a chistítear go príomha le cistí poiblí. Ráthófar an leibhéal rochtana atá ann faoi láthair do mhic léinn an Aontais ar na hollscoileanna sin san Eilvéis.

Thairis sin, sonraítear i gclásal neamh-chúlchéimnithe nach mbeidh sé d'oibleagáid ar an Eilvéis *acquis* nua a chomhtháthú maidir le hoibrithe a phostú más é an éifeacht a bheadh aige leibhéal cosanta na n-oibrithe ar postú a lagú nó a laghdú go hábhartha maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta.

Trí phrótacal atá i gceangal leis an gcomhaontú arna thabhairt cothrom le dáta, tabharfaidh na páirtithe gealltanas go déanfar rialacha an Aontais agus na hEilvéise maidir le ceadanna cónaithe fadtéarmacha a dheonú a chur i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, go háirithe maidir le híosfhad cúig bliana cónaithe roimhe sin.

Déanfar an clásal coimirce atá ann cheana a oiriúnú agus a ailíniú leis an bprótacal institiúideach. Is féidir é a ghníomhachtú i gcás deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha nó sóisialta a eascraíonn as cur i bhfeidhm an chomhaontaithe. Mura féidir leis na páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le réiteach iomchuí, comhaontaithe chun an cás a leigheas, féadfaidh an páirtí a líomhnaíonn deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha an tsaincheist a thabhairt chuig an mbinse eadrána. Ní bheidh sé in ann bearta coimirce a dhéanamh ach amháin má mheasann an binse eadrána go bhfágann an cás go bhfuil údar leo.

Soiléirítear i roinnt dearbhuithe comhpháirteacha a ghabhann leis an gcomhaontú tuiscint chomhpháirteach na bpáirtithe ar fhorálacha a bhaineann, e.g., le mí-úsáid ceart faoin *acquis* maidir le saorghluaiseacht daoine a chosc agus gníomhú ina haghaidh, nósanna imeachta um fhógra a thabhairt i gcomhthéacs dul i mbun fostaíochta, nó córais rialaithe éifeachtacha, lena n-áirítear córas dé-fhorfheidhmithe na hEilvéise maidir le seirbhísí a sholáthar.

Faoin gcomhaontú, beidh rochtain ag an Eilvéis ar na córais faisnéise seo a leanas agus déanfaidh sí ranníocaíocht airgeadais leo i gcomhréir leis na módúlachtaí airgeadais caighdeánacha:

– an líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES) a bhunaítear le Rialachán (AE) 2016/589[6],
– Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009[7],

---

[6] Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1).

– modúil Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) a bhunaítear le Rialachán (AE) 1024/2012[8] a bhaineann le hoibrithe a phostú, seirbhísí, cáilíochtaí gairmiúla, an Cárta Eorpach Gairmiúil, Gairmeacha Rialaithe agus an Tairseach Aonair Dhigiteach.

Le rannpháirtíocht in ardán EURES, cuirfear soghluaisteacht an lucht saothair chun cinn, éascófar malartú folúntas agus próifílí cuardaitheoirí poist agus áiritheofar meaitseáil ardcháilíochta ar fud teangacha agus comhthéacsanna náisiúnta, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an Aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO).

Leanfaidh na socruithe maoiniúcháin atá ann cheana d'fheidhm a bheith acu maidir le ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise leis an gCóras Faisnéise Frithpháirteach maidir le Cosaint Shóisialta (MISSOC), córas a bhfuil rochtain aici air cheana féin.

*Comhaontú maidir le haeriompair*

Leis an gComhaontú arna thabhairt cothrom le dáta maidir le haeriompair, déanfar foráil maidir le hailíniú dinimiciúil ag an Eilvéis ar ghníomhartha dlí de chuid an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i réimse an aeriompair.

Leis an bprótacal leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú maidir le haeriompar, ní athraítear cuspóirí an chomhaontaithe agus déantar athruithe teoranta ar an bpríomhthéacs agus ar an iarscríbhinn a ghabhann leis an gcomhaontú. Is é an rud is suntasaí an malartú frithpháirteach ceart cabatáiste (lena gcumasaítear do na haerlínte faoi seach eitilt idir dhá phointe i gcríoch Bhallstáit nó i gcríoch na hEilvéise) idir na Páirtithe.

Ní dhéantar foráil maidir le haon rochtain bhreise ar chórais faisnéise. Leanfaidh na módúlachtaí airgeadais atá ann cheana maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i nGníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA), arna bunú le Rialachán (AE) 2018/1139[9], d'fheidhm a bheith acu. Cuirfear an tsamhail thuasluaite in ionad na socruithe atá ann cheana maidir le cearta, pribhléidí agus díolúintí EASA agus a fhoirne.

Tá prótacal maidir le Státchabhair i gceangal leis an gcomhaontú agus beidh dearbhú comhpháirteach ag gabháil leis.

*Comhaontú maidir le hiompar de thalamh*

7 Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta, (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1) agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

8 Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún (IO L 316, 14.11.2012, lch. 1).

9 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle , (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

Faoin gcomhaontú arna thabhairt cothrom le dáta maidir le hiompar de thalamh, mar atá ina leagan bunaidh, beidh sé d'oibleagáid ar an Eilvéis forálacha dlí náisiúnta a ghlacadh lena mbainfear amach an toradh atá le baint amach leis na gníomhartha dlí de chuid an Aontais a liostaítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an gcomhaontú.

Leis an gcomhaontú arna thabhairt cothrom le dáta, soiléireofar go bhféadfaidh gnóthais iarnróid seirbhísí iarnróid idirnáisiúnta do phaisinéirí a oibriú idir an tAontas agus an Eilvéis, lena n-áirítear cabatáiste idirnáisiúnta, faoina bhfreagracht féin. Leis an bprótacal leasaitheach, déanfar dlí ábhartha an Aontais a chomhtháthú sa chomhaontú lena ráthaítear an ceart chun seirbhísí idirnáisiúnta lasta iarnróid a oibriú san Aontas agus san Eilvéis.

Tairbheoidh an Eilvéis d'eisceachtaí áirithe. Mar shampla, beidh an Eilvéis in ann tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí iarnróid atá mar chuid d'amchlár timtriallach na hEilvéise. Os a choinne sin, féadfaidh an tAontas nó a Bhallstáit tosaíocht níos airde a thabhairt ar a gcríocha do chuideachtaí de chuid an Aontais a oibríonn seirbhísí iarnróid do phaisinéirí ná mar a thugann siad do sheirbhís iarnróid idirnáisiúnta do phaisinéirí de chuid na hEilvéise lena n-oibrítear cuid den tseirbhís idirnáisiúnta faoi thráthchlár seirbhíse eatraimh na hEilvéise. Beidh sé de cheart ag an Eilvéis freisin ionstraimí bainistithe acmhainneachta a ghlacadh lena ndéanfar soláthar maidir le líon íosta bealaí traenach in aghaidh na huaire le haghaidh cineálacha sainithe tráchta, lena n-áirítear lasta, trácht paisinéirí réigiúnach agus trácht paisinéirí fad-achair lena bhféadfaí cuspóir idirnáisiúnta a bhaint amach freisin. Beidh an fhéidearthacht aici freisin iallach a chur ar chuideachtaí iompair paisinéirí páirt a ghlacadh i gcóras comhtháthaithe ticéadaithe agus praghsanna na hEilvéise, agus saoirse praghsála á ráthú do na cuideachtaí an tráth céanna. Beidh údaráis inniúla na hEilvéise in ann conarthaí seirbhíse poiblí san iompar d'iarnród a dhámhachtain go díreach freisin, faoi réir coinníollacha sonracha lena ráthófar nach ndéanfar difear do mhargadh inmheánach an Aontais do chríoch an Aontais.

Cé go gcumhdaítear é le heisceacht ar ailíniú dinimiciúil, tabharfar córas muirear na hEilvéise atá ann cheana le haghaidh feithiclí earraí troma níos gaire do chóras muirearaithe an Aontais.

Déanfaidh an Eilvéis idirghníomhú le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh a bhunaítear le Rialachán (AE) 2016/796[10] mar thríú tír. I gcomhréir leis an reachtaíocht Aontais is infheidhme, agus tar éis dá Bord Bainistíochta iad a fhormheas, tiocfaidh an ghníomhaireacht ar chomhaontú maidir le socruithe le húdaráis ábhartha na hEilvéise ina sonrófar cineál agus méid rannpháirtíochta na n-údarás sin in obair na gníomhaireachta.

Ní dhéantar foráil maidir le haon rochtain bhreise ar chórais faisnéise. Leanfaidh na módúlachtaí airgeadais atá ann cheana d'fheidhm a bheith acu maidir le rochtain na hEilvéise ar TACHOnet, a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/68 ón gCoimisiún[11].

---

[10] Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004, (IO L 138, 26.5.2016, lch. 1).

[11] Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/68 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2016 maidir le nósanna imeachta

Tá prótacal maidir le Státchabhair i gceangal leis an gcomhaontú agus beidh dearbhú comhpháirteach ag gabháil leis. Beidh dearbhú comhpháirteach ag gabháil leis an bprótacal leasaitheach freisin.

*Comhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach*

Faoin gComhaontú arna thabhairt cothrom le dáta maidir le haitheantas frithpháirteach, beidh sé d'oibleagáid ar an Eilvéis forálacha dlí náisiúnta a ghlacadh lena mbainfear amach an toradh atá le baint amach leis na gníomhartha dlí de chuid an Aontais a liostaítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an gcomhaontú. Dá leathnófaí raon feidhme an chomhaontaithe amach anseo, beidh na réimsí breise faoi réir na hoibleagáide céanna freisin.

Leis an bprótacal leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú maidir le haitheantas frithpháirteach, ní dhéantar ach athruithe teoranta ar an bpríomhthéacs agus ar an iarscríbhinn a ghabhann leis an gcomhaontú chun sainiú níos fearr a dhéanamh ar chuspóir agus raon feidhme an chomhaontaithe, ar na nósanna imeachta is infheidhme agus ar ról údaráis na bpáirtithe agus na n-oibreoirí eacnamaíocha, chomh maith le comhar idir na páirtithe.

I ngach réimse a chumhdaítear le hIarscríbhinn 1 den chomhaontú, beidh sé d'oibleagáid ar an Eilvéis reachtaíocht a ghlacadh chun an toradh céanna a bhaint amach agus atá ar *acquis* an Aontais a liostaítear san iarscríbhinn sin. Ní liostófar a thuilleadh san iarscríbhinn na forálacha ábhartha faoi dhlí na hEilvéise. An t-aon eisceacht ar an riail sin, baineann sí le Caibidil 11 d'Iarscríbhinn 1, ina leanfar d'fhorálacha dhlí na hEilvéise a liostú. Is léiriú é sin ar eisceacht chomhaontaithe maidir le Treoir 2007/45/CE[12].

I réimsí áirithe, rochtain theoranta a bheith ag an Eilvéis ar chinnteoireacht. De ghnáth, ní bheidh rochtain aici ar ghrúpaí saineolaithe ábhartha ná ar choistí coisteolaíochta ábhartha a bhíonn ag plé le táirgí íocshláinte. Ní bheidh rochtain aici ach oiread ar an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach. I réimse na bhfeistí leighis, beidh ról na hEilvéise i gcoistí agus i ngrúpaí saineolaithe teoranta do bheith ina breathnóir.

Faoin gcomhaontú arna thabhairt cothrom le dáta, beidh rochtain ag an Eilvéis ar chóras faisnéise EudraGMDP maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, arna bhunú le Treoir 2004/27/CE, agus déanfaidh sí ranníocaíocht airgeadais ina leith[13].

*Comhaontú maidir le leictreachas*

Leis an gComhaontú maidir le leictreachas, déanfar foráil maidir le hailíniú dinimiciúil na hEilvéise le gníomhartha dlí an Aontais atá ann faoi láthair agus iad siúd a bheidh ann amach anseo i réimse an leictreachais.

---

comhchoiteanna agus na sonraíochtaí is gá chun cláir leictreonacha agus cártaí tiomána a nascadh le chéile (IO L 15, 22.1.2016, lch. 51), arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1503 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2017 (IO L 221, 26.8.2017, lch. 10).

[12] Treoir 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena leagtar síos rialacha maidir le cainníochtaí ainmniúla táirgí réamhphacáilte, lena n- aisghairtear Treoir 75/106/CEE ón gComhairle agus Treoir 80/232/CEE ón gComhairle, agus lena leasaítear Treoir 76/211/CEE ón gComhairle (IO L 247, 21.9.2007, lch. 17).

[13] Treoir 2004/27/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leasaítear Treoir 2001/83/CE maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 136, 30.4.2004, lch. 34).

Is é is cuspóir don Chomhaontú maidir le leictreachas rochtain na hEilvéise ar mhargadh inmheánach leictreachais an Aontais a cheadú. Tá sé d'aidhm aige, *e.g.* trádáil leictreachais trasteorann a chothú; sláine agus trédhearcacht an mhargaidh leictreachais, mar aon le cóir chomhionann na rannpháirtithe uile sa mhargadh, a ráthú; cobhsaíocht na líonraí leictreachais agus slándáil an tsoláthair a áirithiú; agus leictreachas a tháirgtear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn. Sainítear sa chomhaontú na rialacha agus na coincheapa is infheidhme maidir leis na margaí inmheánacha leictreachais chomh maith leis na róil agus na freagrachtaí atá ag gníomhaithe amhail oibreoirí córais tarchurtha agus córais dáileacháin. Foráiltear leis freisin maidir le socrú idirthréimhseach le haghaidh forchoimeádais fhadtéarmacha acmhainneachta atá ann cheana ar idirnascairí ag teorainn na hEilvéise, nach bhfuil comhoiriúnach don *acquis*.

Maidir le caomhnú an chomhshaoil san earnáil leictreachais, tá sé d'oibleagáid ar an Eilvéis forálacha de dhlí na hEilvéise a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena leagtar síos ceanglais lena n-áirithítear an leibhéal céanna cosanta ar a laghad agus a leagtar síos san *acquis* ábhartha. Ní fhéadfaidh forálacha den sórt sin a bheith ina mbacainn ar shaor-rochtain earraí agus seirbhísí ón Aontas ar mhargadh na hEilvéise, ar earraí agus seirbhísí iad a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos san *acquis* ábhartha. Foráiltear d'eisceacht ar an oibleagáid maidir le hailíniú dinimiciúil lena gcuirtear ar a cumas don Eilvéis bearta riachtanacha, comhréireacha agus neamhshaofa a dhéanamh chun slándáil an tsoláthair leictreachais a áirithiú, trí chúltaiscí leictreachais a bhunú agus a bheith i bhfeidhm, a mhéid atá siad comhoiriúnach don chomhaontú.

Faoin gcomhaontú, beidh an Eilvéis in ann páirt a ghlacadh i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Leictreachais (ACER), arna bunú le Rialachán (AE) 2019/942, agus beidh uirthi ranníocaíocht a dhéanamh i leith mhaoiniú na Gníomhaireachta sin[14]. Áirítear sa chomhaontú foscríbhinn chaighdeánach maidir le cearta, pribhléidí agus díolúintí ACER agus a fhoirne. Beidh rochtain ag an Eilvéis freisin ar Bhunachar Sonraí an Aontais, arna bhunú le Treoir (AE) 2018/2001, maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus déanfaidh sí ranníocaíocht airgeadais ina leith, i gcomhréir leis na módúlachtaí airgeadais caighdeánacha[15].

Áirítear sa chomhaontú forálacha maidir le Státchabhair agus beidh dearbhú comhpháirteach ag gabháil leis.

*Prótacal maidir leis an gComhlimistéar Sábháilteachta Bia*

Leis an bPrótacal maidir leis an gComhlimistéar Sábháilteachta Bia, déanfar foráil maidir le hailíniú dinimiciúil na hEilvéise le hiomlán *acquis* an Aontais a bhaineann leis an mbiashlabhra agus go gcuirfidh an Eilvéis an *acquis* sin i bhfeidhm go comhuaineach.

Na hiarscríbhinní atá ann faoi láthair a bhaineann le sláintíocht agus fíteashláintíocht a ghabhann leis an gComhaontú atá ann cheana maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, bainfear iad den Chomhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta agus déileálfar lena n-ábhar sa Phrótacal maidir leis an gComhlimistéar Sábháilteachta Bia. Is ar bhonn na n-iarscríbhinní sin a cháilíonn an Comhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta faoi láthair, san fhoirm ina

[14] Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO L 158, 14.6.2019, lch. 22).

[15] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le cur chun cinn úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

bhfuil sé faoi láthair, mar chomhaontú i réimse a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach.

An Prótacal maidir leis an gComhlimistéar Sábháilteachta Bia lena bhforlíontar an Comhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, leanfaidh sé de bheith nasctha leis an gComhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta sa mhéid is go gcuirfear deireadh go huathoibríoch leis an ionstraim eile freisin má chuirtear deireadh leis an gcomhaontú nó leis an bprótacal.

Bunaítear leis an bprótacal Comhlimistéar Sábháilteachta Bia lena gcumhdaítear gach gné den bhiashlabhra. Is iad na cuspóirí atá leis e.g. sábháilteacht bia agus beatha a fheabhsú, ardleibhéal sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí a áirithiú, frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac, cosaint ainmhithe a fheabhsú agus ardchaighdeáin leasa ainmhithe a chur chun cinn.

Chomh maith le hailíniú dinimiciúil maidir leis na gníomhartha dlí uile in *acquis* an Aontais a bhaineann leis an mbiashlabhra ina iomláine, áirítear leis an bPrótacal maidir leis an gComhlimistéar Sábháilteachta Bia oibleagáid ar an Eilvéis aon ghníomh neamhreachtach atá bunaithe ar an reachtaíocht thánaisteach is infheidhme a chur i bhfeidhm go sealadach ón dáta a thiocfaidh na gníomhartha neamhreachtacha sin chun bheith infheidhme san Aontas, agus go dtí dáta chinneadh an Chomhchoiste maidir le hionchorprú an ghnímh, chun a gcur i bhfeidhm comhuaineach a ráthú ar fud an Chomhlimistéir Sábháilteachta Bia ina iomláine.

Le heisceachtaí ar an oibleagáid maidir le hailíniú dinimiciúil, cuirfear ar a cumas don Eilvéis, faoi choinníollacha áirithe, forálacha dlí náisiúnta maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe agus leas ainmhithe a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, beidh an Eilvéis in ann a bearta a choinneáil ar bun freisin maidir le hallmhairiú feola bó-ainmhithe ó eallach a d’fhéadfadh a bheith cóireáilte le tionscnóirí fáis hormónacha, ar choinníoll nach n-aistrítear an fheoil bó-ainmhithe sin isteach san Aontas.

Beifear in ann bearta cúiteacha a dhéanamh i gcás nach gcomhlíonfaidh páirtí an cinneadh ó bhinse eadrána i gcás an Phrótacail maidir leis an gComhlimistéar Sábháilteachta Bia nó aon chomhaontú eile i réimse a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach, nó i gcás an Chomhaontaithe maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta.

Chun é a chur ar a cumas don Eilvéis an t-athrú a ullmhú ón gcóras atá ann faoi láthair bunaithe ar choibhéis go córas bunaithe ar an bprionsabal ar dá réir a chuirtear *acquis* an Aontais féin i bhfeidhm go comhuaineach ina críoch, foráiltear leis an bPrótacal maidir leis an gComhlimistéar Sábháilteachta Bia go leanfaidh na hiarscríbhinní atá ann faoi láthair a bhaineann le sláintíocht agus fíteashláintíocht a ghabhann leis an gComhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta d’éifeachtaí dlíthiúla a bheith acu ar feadh idirthréimhse 24 mhí ar a mhéad. Tar éis don tréimhse sin dul in éag, beidh feidhm iomlán ag forálacha uile an Phrótacail maidir leis an gComhlimistéar Sábháilteachta Bia.

Foráiltear leis an bprótacal rochtain na hEilvéise ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002[16], agus áirítear leis an fhoscríbhinn

[16] Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

chaighdeánach maidir lena chearta, phribhléidí agus dhíolúintí mar aon le cearta, pribhléidí agus díolúintí a fhoirne. Foráiltear sa phrótacal freisin do ranníocaíocht airgeadais ón Eilvéis i gcomhréir leis na módúlachtaí caighdeánacha airgeadais thuasluaite i leith mhaoiniú EFSA chomh maith leis na córais faisnéise seo a leanas:

– tairseach EUROPHYT, arna bunú le Treoir 94/3/CE ón gCoimisiún[17],

– an Córas Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (RASFF), a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002[18],

– an t-ardán le haghaidh deimhniú sláintíochta agus fíteashláintíochta (TRACES), arna bhunú le Rialachán (AE) 2017/625[19], agus

– an Córas Faisnéise um Ghalar Ainmhithe (ADIS), arna bhunú le Rialachán (AE) 2020/2002[20].

<u>Comhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta</u>

A luaithe a thiocfaidh leasuithe ar an gComhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta a tugadh isteach leis an bprótacal leasaitheach sonrach i bhfeidhm, ní mheasfar a thuilleadh gur comhaontú i réimse a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach é an comhaontú sin.

Tar éis na hiarscríbhinní a bhaineann le SPS a ghabhann leis an gComhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta a scriosadh, beidh raon feidhme an chomhaontaithe leasaithe, lena n-áirítear na hiarscríbhinní eile a ghabhann leis, teoranta do ghnéithe trádála. Dá réir sin, ní coincheapa ábhartha iad na coincheapa maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach *acquis* an Aontais, ról Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ailíniú dinimiciúil ná rialacha maidir le Státchabhair. Dá bhrí sin, tá an creat institiúideach dá bhforáiltear sa chomhaontú sin éagsúil leis an gcreat atá sa Phrótacal maidir leis an gComhlimistéar Sábháilteachta Bia.

---

17 Treoir 94/3/CE ón gCoimisiún an 21 Eanáir 1994 lena mbunaítear nós imeachta chun fógra a thabhairt maidir le hidircheapadh coinsíneachta nó orgánaigh dhíobhálaigh ó thríú tíortha a bhfuil garchontúirt fíteashláintíochta ag baint leis (IO L 32, 5.2.1994, lch. 37).

18 Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

19 Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1)

20 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2002 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fógra agus tuairisc a thabhairt don Aontas faoi ghalair liostaithe, maidir le formáidí agus nósanna imeachta chun cláir faireachais an Aontais agus cláir dhíothaithe a chur isteach agus a thuairisciú agus maidir le hiarratas ar stádas saor ó ghalar a aithint, agus maidir leis an gcóras faisnéise ríomhairithe (IO L 412, 8.12.2020, lch. 1).

Leis an bprótacal leasaitheach, tabharfar cothrom le dáta an sásra um réiteach díospóidí ar aon dul leis an gcleachtas bunaithe i gcomhaontuithe trádála an Aontais agus na hEilvéise. Beidh an nós imeachta is infheidhme um réiteach díospóidí bunaithe ar an nós imeachta a áirítear sna comhaontuithe i réimsí an mhargaidh inmheánaigh ina bhfuil an Eilvéis páirteach. Tá sraith forálacha coiteanna mar an gcéanna ag an gcomhaontú agus ag na comhaontuithe sin maidir leis an mbinse eadrána freisin. Ní dhéantar foráil maidir le ról do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndáil le réiteach díospóidí. Is féidir bearta cúiteacha a dhéanamh i gcás nach gcomhlíonann páirtí cinneadh binse eadrána sa Chomhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta nó sa Phrótacal maidir leis an gComhlimistéar Sábháilteachta Bia, ach ní féidir iad a dhéanamh i gcomhaontuithe eile i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach.

<u>Comhaontuithe comhair i réimsí na sláinte, an chomhtháthaithe, chláir an Aontais agus an spáis</u>

*Comhaontú maidir leis an tsláinte*

Is é is aidhm don Chomhaontú maidir leis an tsláinte an comhar idir an tAontas agus an Eilvéis a neartú maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte tríd an Eilvéis a chomhtháthú sna sásraí agus sna comhlachtaí ábhartha.

Ní comhaontú é i réimse a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach. Mar sin féin, cuireann sé na forálacha institiúideacha comhionanna thuasluaite i bhfeidhm de réir analaí agus áirítear leis oibleagáid maidir le hailíniú dinimiciúil le *acquis* ábhartha an Aontais.

Tá sraith forálacha coiteanna maidir leis an mbinse eadrána, lena n-áirítear ról do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, sa chomhaontú agus sna comhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach. I gcás díospóidí, is féidir bearta cúitimh a dhéanamh sa chomhaontú maidir leis an tsláinte nó sa chomhpháirt sláinte (EU4Health) den Chomhaontú maidir le cláir an Aontais, chun éagothroime a d'fhéadfadh a bheith ann a leigheas.

Déantar foráil sa chomhaontú maidir le rochtain na hEilvéise ar an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 851/2004, agus maidir le ranníocaíocht airgeadais uaithi leis i gcomhréir leis na módúlachtaí airgeadais caighdeánacha[21]. Áirítear ann an fhoscríbhinn chaighdeánach maidir le cearta, díolúintí agus pribhléidí ECDC agus a fhoirne.

I gcás an Chórais Luathrabhaidh agus Freagartha (EWRS), arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/2371[22], beidh ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair ina cuid dá ranníocaíocht i leith mhaoiniú ECDC ar thaobh amháin agus i leith chlár EU4Health ar an taobh eile. Más trí fhoinsí eile a dhéantar EWRS a mhaoiniú faoin gcéad CAI eile, beidh feidhm ag na módúlachtaí thuasluaite maidir le ranníocaíocht na hEilvéise i leith EWRS.

---

[21] Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreáin 2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (IO L 142, 30.4.2004).

[22] Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022, lch. 26).

*Comhaontú maidir le comhtháthú*

Ní comhaontú i réimse a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach é an Comhaontú maidir le comhtháthú.

Bunaítear leis an bonn le haghaidh ranníocaíocht tráthrialta airgeadais ón Eilvéis chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas a laghdú, mar chomhlánú ar bhearta an Aontais agus na mBallstát i réimse an chomhtháthaithe.

Leagtar síos sa chomhaontú na paraiméadair agus na rialacha maidir le ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise a chinneadh. Saineofar tréimhsí ranníocaíochta de réir an chreata airgeadais ilbhliantúil is infheidhme de chuid an Aontais. Foráiltear go mbeidh an chéad tréimhse ranníocaíochta i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2030 go dtí an 31 Nollaig 2036. Comhlánófar í le gealltanas airgeadais breise aonuaire lena gcumhdófar an tréimhse idir deireadh 2024 agus deireadh 2029.

Ag tús gach tréimhse ranníocaíochta, beidh ar na páirtithe Meabhrán Tuisceana (MT) a thabhairt i gcrích ina mbeidh tuairisc ar na réimsí téamacha ina bhféadfar ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise a úsáid le linn na tréimhse sin, e.g.: forbairt chuimsitheach dhaonna agus shóisialta, forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe, chuimsitheach, an t-aistriú glas, daonlathas agus rannpháirtíocht, nó imirce.

Ba cheart méid na ranníocaíochta airgeadais a leagan amach go soiléir sa MT freisin, arna cinneadh ar bhonn na rialacha a leagtar amach sa chomhaontú. Ní aistreofar ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise chuig buiséad an Aontais.

Beidh an MT ina bhonn do chomhaontuithe cur chun feidhme i ndáil le tíortha sonracha, idir an Eilvéis agus na Ballstáit is tairbhithe. Sonrófar sna comhaontuithe sin leithdháileadh na gcistí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith, chomh maith lena ndáileadh idir réimsí téamacha, bearta tacaíochta, na struchtúir bhainistíochta agus rialaithe agus na coinníollacha is infheidhme, agus údaráis inniúla sa Bhallstát atá i gceist.

Tá cosúlachtaí idir sásra um réiteach díospóidí an chomhaontaithe agus an ceann a áirítear sna comhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach, ach tá difríochtaí eatarthu freisin. Go háirithe, tá sraith forálacha coiteanna iontu araon maidir leis an mbinse eadrána. Ní dhéantar foráil ann maidir le ról do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, áfach. I gcás díospóidí, is féidir bearta cúitimh a dhéanamh chun éagothroime a d'fhéadfadh a bheith ann a leigheas sa Chomhaontú maidir le comhtháthú nó in aon cheann de na comhaontuithe a liostaítear sa Chomhaontú maidir le comhtháthú.

*Comhaontú maidir le cláir an Aontais*

Cuirtear ar bun leis an gComhaontú maidir le cláir an Aontais an creat dlíthiúil le haghaidh rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir an Aontais. Leagtar síos ann na coinníollacha maidir le ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair agus a gcostais riaracháin, agus ráthaítear leis cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint. Leagtar síos leis an gcomhaontú freisin coinníollacha eile maidir le soghluaiseacht daoine a ghlacann páirt i gcur chun feidhme na gclár sin de chuid an Aontais. Áirítear leis an gcomhaontú forálacha maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir an Aontais a chur ar fionraí agus maidir leis an gcomhaontú a fhoirceannadh.

Déantar foráil sa Chomhaontú maidir lena chur i bhfeidhm sealadach le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2025, má shínítear é roimh an 15 Samhain 2025, agus é mar chuspóir tús a chur leis an gcomhar sna réimsí a chumhdaítear leis an gcomhaontú ar an dáta a shonraítear le haghaidh gach cláir. A mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na hEilvéise sa Chlár EU4Health, tá an dáta sin nasctha le dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir leis an tSláinte.

Leagtar síos le Prótacal I coinníollacha chomhlachas na hEilvéise leis na cláir seo a leanas de chuid an Aontais:

– *Fís Eorpach* ina hiomláine, ón 1 Eanáir 2025: Is é Fís Eorpach (2021-2027)[23] príomhchlár cistiúcháin an Aontais um thaighde agus nuálaíocht;

– *Clár Taighde agus Oiliúna Euratom*, ón 1 Eanáir 2025: na cláir lena gcomhlánaítear an clár Fís Eorpach agus a thagann faoi réim Chonradh Euratom[24]*;*

– *Erasmus+*, ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh: is é Erasmus+ Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt[25];

– Gach comhpháirt den Eoraip Dhigiteach, seachas na comhpháirteanna sin maidir le cibearshlándáil agus leathsheoltóirí, ón 1 Eanáir 2025; Is é Eoraip Dhigiteach clár an Aontais atá dírithe ar an mbearna idir taighde ar theicneolaíocht dhigiteach agus cur chun úsáide ar an margadh a shárú.

Cumhdaítear le Prótacal II rannpháirtíocht na hEilvéise i bhFuinneamh Comhleá (F4E), an Chomhghnóthas Eorpach um ITER, a bhunaítear le Cinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle[26].

Foráiltear le Prótacal III comhlachas na hEilvéise le codanna sonracha den chlár EU4Health[27] a bhaineann le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna mar a chumhdaítear leis an gComhaontú maidir leis an tsláinte. Glacfaidh an Eilvéis páirt sa chlár EU4Health ón 1 Eanáir den bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir leis an tsláinte, ar feadh na tréimhse atá fágtha den Chlár EU4Health nó go dtí deireadh an Chreata Airgeadais Illbhliantúil 2021-2027, cibé acu is giorra.

*Comhaontú maidir leis an nGníomhaireacht um an gClár Spáis*

Ní comhaontú i réimse a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach é an Comhaontú maidir leis an nGníomhaireacht um an gClár Spáis. Leagtar amach

---

23 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

24 Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena leasaítear Rialachán (Euratom) 2018/1563, IO L 167I, 12.5.2021, lch. 81).

25 Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

26 2007/198/Euratom: Cinneadh ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó (IO L 90, 30.3.2007, lch. 58).

27 Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte (‘Clár EU4Health’) don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

ann na coinníollacha faoina bhfuil sé de cheart ag an Eilvéis a bheith páirteach i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA), arna bunú le Rialachán (AE) 2021/696[28]. Tá sé bunaithe ar chomhaontú 2014 idir an tAontas agus an Eilvéis maidir leis na Cláir Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte[29]. Foráiltear sa Chomhaontú maidir leis an nGníomhaireacht um an gClár Spáis go gcuirfidh na Páirtithe i bhfeidhm go sealadach é tar éis a shínithe.

Bunaítear leis an gcomhaontú ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise le EUSPA, agus úsáid á baint as an treoir ranníoca chéanna chun na táillí oibriúcháin agus rannpháirtíochta a ríomh leis an gceann a bhunaítear sna comhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach ó 2028 ar aghaidh. Ag brath ar an dáta óna gcuirfear an comhaontú i bhfeidhm go sealadach, is é 2 % agus 3 % le haghaidh 2026 agus 2027 faoi seach a bheidh i gcéatadán na táille oibríochtúla ar ar a bonn a ríomhfar na táillí rannpháirtíochta. Ó 2028 ar aghaidh, is ionann an céatadán sin agus an céatadán a úsáidtear i gcomhaontuithe eile lena bhforáiltear maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i ngníomhaireachtaí, i.e. 4 %.

Leis an gcomhaontú freisin, ceadaítear don Eilvéis a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le comhpháirteanna eile den chlár spáis, lasmuigh de Galileo agus de Bhreis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS) mar a bhunaítear i gcomhaontú 2014, má fhoráiltear amhlaidh le prótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le cláir an Aontais.

Áirítear sa chomhaontú an fhoscríbhinn chaighdeánach maidir le cearta, díolúintí agus pribhléidí EUSPA agus cearta, díolúintí agus pribhléidí a fhoirne.

Prótacal maidir le comhar parlaiminteach

Bunaítear leis an bPrótacal maidir le comhar parlaiminteach Comhchoiste Parlaiminteach mar fhóram le haghaidh idirphlé agus díospóireacht idir comhaltaí Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí Thionól Cónaidhme na hEilvéise. Is é is aidhm dó tuiscint fhrithpháirteach agus machnamh ar an gcaidreamh leathan idir an tAontas agus an Eilvéis a chur chun cinn, lena n-áirítear tuilleadh forbartha a d'fhéadfaí a dhéanamh air. Cuirfear an Comhchoiste Parlaiminteach ar an eolas go tráthrialta faoi chinntí agus moltaí na gComhchoistí arna mbunú le haon cheann de na comhaontuithe a chuimsítear sa phacáiste leathan. Féadfaidh sé aon fhaisnéis ábhartha a iarraidh maidir le cur chun feidhme aon chomhaontaithe laistigh den phacáiste leathan agus féadfaidh sé moltaí a chur faoi bhráid na bPáirtithe.

Dearbhú comhpháirteach maidir le hidirphlé ardleibhéil a bhunú idir an tAontas agus an Eilvéis

Is iad seo a leanas aidhmeanna an idirphlé ardleibhéil atá le bunú:

---

28 Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

29 Comhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir leis na Cláir Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte (IO L 15, 20.01.2014, lch. 3).

- comhthuiscint agus comhar a chur chun cinn maidir leis an bpacáiste leathan déthaobhach a caibidlíodh agus leis an bhforbairt bhreise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcaidreamh déthaobhach eatarthu;
- saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh a phlé, go háirithe rannpháirtíocht na hEilvéise sa mhargadh inmheánach agus féidearthachtaí chun a gcomhpháirtíocht a neartú; agus
- meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an phacáiste leathain dhéthaobhaigh, ar obair na gComhchoistí agus ar an bhforbairt bhreise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcaidreamh déthaobhach eatarthu.

**Téacsanna na gcomhaontuithe agus fógraí**

Cuirtear téacs an Chomhaontaithe faoi bhráid na Comhairle mar aon leis an moladh seo. Cuirtear téacsanna na ndearbhuithe comhpháirteacha a ghabhann le comhaontuithe nó prótacail éagsúla isteach in éineacht leis an togra seo, mar aon le dearbhú comhpháirteach maidir le hidirphlé ardleibhéil a bhunú idir an tAontas agus an Eilvéis agus dhá dhearbhú aontaobhacha ón Eilvéis maidir leis an gComhaontú maidir le saorghluaiseacht daoine agus an Comhaontú maidir leis an tsláinte faoi seach.

I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé leanúint ar aghaidh, thar ceann an Aontais, leis an bhfógra dá bhforáiltear sna comhaontuithe agus sna prótacail a thabhairt, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag na hionstraimí sin a chur in iúl.

Tábla 1: Forbhreathnú ar fhorálacha institiúideacha agus ar fhorálacha eile is coiteann do na comhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach agus leis an gComhaontú maidir leis an tsláinte

| **Forálacha an chomhaontaithe** | **Forálacha comhionanna** |
|---|---|
| Forálacha ginearálta | – cuspóirí institiúideacha agus/nó cuspóir an chomhaontaithe<br>– cineál an chomhaontaithe agus an gaol idir prótacail a ghabhann leis an gcomhaontú (i gcás comhaontú atá ann cheana) |
| Ailíniú an chomhaontaithe maidir le gníomhartha dlí an Aontais | – oibleagáid ar an gComhchoiste gníomhartha nua a thagann faoi raon feidhme an chomhaontaithe a chomhtháthú sa chomhaontú<br>– rannpháirtíocht i ndréachtú gnímh dlí (‘cinnteoireacht’) agus i gcomhtháthú gníomhartha dlí sa chomhaontú<br>– oibleagáidí bunreachtúla á gcomhlíonadh ag an Eilvéis |
| Léiriú agus cur i bhfeidhm an chomhaontaithe | – léiriú aonfhoirmeach, cur i bhfeidhm éifeachtach, comhchuí, agus prionsabail eisiachais<br>– nós imeachta i gcás deacracht a bhaineann le léiriú nó cur i bhfeidhm, bearta cúitimh agus comhar idir dlínsí |
| Forálacha eile | – Comhchoiste<br>– Ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise i leith mhaoiniú na ngníomhaireachtaí agus na gcóras faisnéise a bhfuil rochtain aici orthu<br>– láimhseáil faisnéise<br>– tagairtí i ngníomhartha dlí de chuid an Aontais do na nithe seo a leanas: críocha agus náisiúnaigh na mBallstát, teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme gníomhartha dlí, seolaithe, cearta agus oibleagáidí na mBallstát |
| Forálacha críochnaitheacha | – teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme<br>– modhnuithe agus foirceannadh |
| Iarscríbhinn maidir le ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise a chur chun feidhme | – liosta gníomhaíochtaí, comhlachtaí agus córas faisnéise<br>– módúlachtaí íocaíochta<br>– socruithe idirthréimhseacha (i gcás inarb ábhartha) |
| Iarscríbhinn / foscríbhinn maidir leis an mbinse eadrána | – clárlann agus seirbhísí rúnaíochta an bhinse eadrána<br>– réiteach díospóide a thionscnamh<br>– comhdhéanamh an bhinse eadrána<br>– imeachtaí eadrána |

| | |
|---|---|
| | – cinntí an bhinse eadrána |
| Foscríbhinn maidir le pribhléidí agus díolúintí gníomhaireachtaí | – dosháraitheacht áitribh, fhoirgnimh agus chartlann na gníomhaireachta<br>– díolúine ó cháin maidir le sócmhainní, ioncaim agus earraí agus seirbhísí le haghaidh úsáid oifigiúil<br>– stádas taidhleoireachta comhfhreagrais agus cumarsáide<br>– pribhléidí, díolúintí, cánachas agus cumhdach slándála sóisialta na n-oifigeach a chumhdaítear leis na Rialacháin Foirne |

Tábla 2: Forálacha maidir le Státchabhair is coiteann don Chomhaontú maidir le leictreachas agus do na prótacail maidir le Státchabhair a ghabhann leis na Comhaontuithe maidir le haeriompar agus iompar de thalamh

| **Cuid/caibidil den phrótacal nó iarscríbhinní maidir le Státchabhair** | **Forálacha comhionanna** |
|---|---|
| Príomhthéacs | – Cuspóirí a bhaineann le Státchabhair<br>– an gaol idir an prótacal agus an comhaontú atá ann cheana (i gcás comhaontú atá ann cheana)<br>– Státchabhair nach bhfuil comhoiriúnach nó atá comhoiriúnach leis an gcomhaontú, agus cabhair atá ann cheana<br>– faireachas, trédhearcacht, módúlachtaí comhair agus comhairliúcháin<br>– gníomhartha dlí a chomhtháthú<br>– daingniú agus teacht i bhfeidhm, modhnuithe agus foirceannadh |
| Iarscríbhinn maidir le díolúintí agus soiléirithe | – bearta atá comhoiriúnach d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh |
| Iarscríbhinn maidir le gníomhartha ginearálta agus earnála is infheidhme san Aontas | – gníomhartha ginearálta is infheidhme maidir le gach earnáil, arna gcomhlánú le rialacha earnála a bhaineann go sonrach leis an réimse a chumhdaítear leis an gcomhaontú i gceist |

2025/0162 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(6) an dara fomhír, pointe (a)(i), d'Airteagal 218(7), agus an dara fomhír d'Airteagal 218(8) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh [...] ón gComhairle an [dáta][2], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir an Aontais an [dáta], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí, agus cuireadh i bhfeidhm go sealadach é ón [dáta], go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(2) I gcomhréir le Cinneadh [...] ón gComhairle an [dáta][3], síníodh pacáiste leathan comhaontuithe an [dáta], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, cuireadh i bhfeidhm go sealadach é ón [dáta], go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(3) An 12 Márta 2024[4], d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Cónaidhm na hEilvéise (dá ngairtear 'an Eilvéis' anseo feasta) maidir le

1 [Toiliú] a fhoilsítear in IO L, [XXX].

2 Cinneadh (AE) …/… ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir an Aontais.

3 Cinneadh (AE) .../... ón gComhairle [maidir le siniúpacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis.

4 Cinneadh (AE, Euratrom) 2024/995 ón gComhairle an 12 Márta 2024 lena n- údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Cónaidhm na hEilvéise i ndáil le forálacha institiúideacha i gcomhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise a bhaineann leis an margadh inmheánach, i ndáil le comhaontú maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir an Aontais agus i ndáil le comhaontú atá mar bhonn le rannchuidiú buan na hEilvéise le comhtháthú an Aontais (IO L, 2024/995, 26.3.2024).

pacáiste leathan beart a bhaineann leis an gcaidreamh déthaobhach leis an Eilvéis, ina bhfuil forálacha institiúideacha agus Státchabhrach i gcomhaontuithe idir an tAontas agus an Eilvéis i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach[5], agus, i gcás inar gá, oiriúnuithe sonracha orthu, ina bhfuil comhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir an Aontais agus comhaontú atá mar bhonn le rannchuidiú buan na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta idir réigiúin a laghdú. D'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún freisin tús a chur le caibidlíocht leis an Eilvéis maidir le comhaontuithe nua i ndáil le leictreachas, an tsláinte, sábháilteacht bia, rannpháirtíocht na hEilvéise i nGníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh do Chlár Spáis an Aontais agus d'Iarnróid, agus maidir leis an leasú ar an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar chun cabatáiste a cheadú.

(4) Rinne an Coimisiún, thar ceann an Aontais, pacáiste leathan comhaontuithe a chaibidliú lena n-áirítear prótacail maidir le forálacha institiúideacha, forálacha Státchabhrach agus forálacha leasaitheacha a ghabhann le comhaontuithe atá ann cheana idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach, Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú atá ann cheana idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta lena mbunaítear Comhlimistéar Sábháilteachta Bia, Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le leictreachas, Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an tsláinte, Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht thráthrialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú, Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir an Aontais, Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, chomh maith le Prótacal idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar parlaiminte.

(5) Leagtar síos leis na prótacail institiúideacha oibleagáid ar an gComhchoiste gach gníomh de dhlí an Aontais a thagann faoi raon feidhme na gcomhaontuithe a chomhtháthú mar aon le forálacha chun a áirithiú go mbeidh an Eilvéis faoi cheangal ag na rialacha i gceist. Áirithítear leo léiriú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gcomhaontuithe uile i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach agus, i gcás ina bhfuil coincheapa de dhlí an Aontais i gceist le cur i bhfeidhm na gcomhaontuithe sin, gur i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a dhéanfar iad a léiriú agus a chur i bhfeidhm. Leis na prótacail institiúideacha, leagtar síos sásra éifeachtach chun díospóidí a réiteach bunaithe ar eadráin, lena n-áirítear gach ceist faoi dhlí an Aontais a eascraíonn as an gcás a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. I gcás neamhchomhlíonadh

[5] Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar, Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hAeriompar, Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine, Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta, Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, ar síníodh iad uile an 21 Meitheamh 1999 (IO L 114, 30.4.2002, lch. 1).

chinneadh an bhinse eadrána, féadfar bearta cúiteacha comhréireacha a ghlacadh sa chomhaontú lena mbaineann nó in aon cheann de na comhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach.

(6) Leis na prótacail leasaitheacha a ghabhann leis na comhaontuithe atá ann cheana, déantar na hathruithe substainteacha is gá i gcomhréir leis an gcreat institiúideach nua. Ina theannta sin, leis an bprótacal leasaitheach a ghabhann leis an gcomhaontú maidir le haeriompar déantar foráil maidir le malartú frithpháirteach ceart cabatáiste.

(7) Leis na prótacail Státchabhrach a ghabhann leis na comhaontuithe atá ann cheana maidir le haeriompar agus iompar de thalamh, ráthaítear cothrom iomaíochta do rannpháirtíocht na hEilvéise sa mhargadh inmheánach sna réimsí a chumhdaítear leis na comhaontuithe sin. Cuirfidh an Eilvéis rialacha substainteacha agus rialacha nós imeachta i bhfeidhm, lena n-áirítear sásraí faireachais agus forfheidhmithe, atá coibhéiseach leo siúd a bhfuil feidhm acu laistigh den Aontas.

(8) Leis an bprótacal leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, soláthraítear nuashonrú ar shásra um réiteach díospóidí an chomhaontaithe, ar aon dul leis an gcleachtas bunaithe i gcomhaontuithe trádála an Aontais.

(9) Le prótacal ar leithligh a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, bunaítear Comhlimistéar Sábháilteachta Bia lena gcumhdaítear gach gné den bhiashlabhra. Áirítear sa phrótacal sin na forálacha institiúideacha is coiteann do gach comhaontú i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach.

(10) Leis an gComhaontú nua idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le leictreachas, leagtar síos na rialacha agus na coinníollacha faoinar féidir leis an Eilvéis a bheith páirteach sa mhargadh inmheánach leictreachais. Áirítear leis an gcomhaontú na forálacha institiúideacha is coiteann do gach comhaontú i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach mar aon le rialacha maidir le Státchabhair atá beagnach comhionann leo siúd a bhfuil feidhm acu i réimsí an aeriompair agus an iompair de thalamh.

(11) Is é is aidhm don Chomhaontú nua idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an tsláinte neartú a dhéanamh ar an gcomhar idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus cuirtear i bhfeidhm leis, de réir analaí, na forálacha institiúideacha is coiteann do na comhaontuithe sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach. Tá an comhaontú sin nasctha le rannpháirtíocht na hEilvéise sa Chlár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health').

(12) Leis an gComhaontú nua idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht thráthrialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú, bunaítear an bunús dlí agus leagtar síos na paraiméadair le haghaidh ranníocaíocht thráthrialta airgeadais na hEilvéise, faoi chuimsiú an phacáiste leathain, le héagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas a laghdú. Áirítear sásra um réiteach díospóidí sa chomhaontú; i gcás neamhchomhlíonadh rialaithe eadrána, féadfar bearta cúiteacha comhréireacha a ghlacadh in aon cheann de na comhaontuithe lena mbaineann an pacáiste.

(13) Leis an gComhaontú nua idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt

eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir an Aontais, ceadaítear don Eilvéis a bheith páirteach i roinnt clár de chuid an Aontais atá oscailte do chomhlachas tríú tíortha: Fís Eorpach, Taighde agus Oiliúint Euratom, ITER/F4E (Fuinneamh Comhleá), an Eoraip Dhigiteach, Erasmus+, mar aon le EU4Health.

(14) Leis an gComhaontú nua idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, leagtar síos na coinníollacha faoina bhféadfaidh an Eilvéis a bheith páirteach in obair na Gníomhaireachta.

(15) Le forálacha comhionanna sna prótacail institiúideacha éagsúla agus sna comhaontuithe nua, áirithítear ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise le costais na gcóras faisnéise agus na ngníomhaireachtaí ina bhfuil sí páirteach.

(16) Leis an bPrótacal idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar parlaiminteach, bunaítear Comhchoiste Parlaiminteach mar fhóram le haghaidh idirphlé agus díospóireachta idir Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus de Thionól Cónaidhme na hEilvéise, d’fhonn an chomhthuiscint agus an machnamh ar an gcaidreamh leathan idir an tAontas agus an Eilvéis a chur chun cinn, lena n-áirítear tuilleadh forbartha a d’fhéadfaí a dhéanamh air.

(17) De bharr athruithe substaintiúla ar na comhaontuithe a thagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm Chinneadh 2002/309/CE, Euratom ón gComhairle agus ón gCoimisiún[6], ba cheart Airteagail 2 go 6 den Chinneadh sin agus Airteagail 3 faoi seach de Chinneadh 2011/51/AE[7] agus de Chinneadh 2011/738/AE ón gComhairle[8] a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina n-ionad, lena bhforáiltear do shraith chomhsheasmhach chuimsitheach rialacha maidir leis na comhaontuithe ábhartha a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme san Aontas.

(18) Is iomchuí na módúlachtaí a shainiú maidir le hionadaíocht an Aontais sna Comhchoistí agus i gcomhlachtaí eile a bhunaítear leis na comhaontuithe agus na prótacail is ábhar don Chinneadh seo.

(19) De bhun Airteagal 218(7) CFAE, is iomchuí an Coimisiún Eorpach a údarú formheas a dhéanamh thar ceann an Aontais ar shraith mhodhnuithe a shainítear go beacht ar na comhaontuithe agus ar na prótacail is ábhar don Chinneadh seo atá le glacadh trí nós imeachta simplithe nó ag comhlacht a chuirtear ar bun le ceann de na comhaontuithe nó na prótacail i gcomhréir le forálacha na gcomhaontuithe nó na bprótacal sin. I gcás gach cinneadh eile atá le glacadh ag comhlacht a chuirtear ar bun le ceann de na comhaontuithe nó na prótacail a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu, ba cheart iad a fhormheas thar ceann an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE.

---

6 Cinneadh (2002/309/CE), Euratom ón gComhairle agus ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú maidir le Comhar Eolaíoch agus Teicneolaíoch, an 4 Aibreán 2002 maidir le tabhairt i gcrích seacht gComhaontú le Cónaidhm na hEilvéise (IO L 114, 30.4.2002, lch. 1).

7 Cinneadh 2011/51/AE ón gComhairle an 18 Eanáir 2011 maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cosaint ainmniúchán tionscnaimh agus tásc geografach i gcás táirgí talmhaíochta agus earraí bia, lena leasaítear an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 25, 18.1.2011 lch. 3).

8 Cinneadh 2011/738 ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cosaint ainmniúchán tionscnaimh agus tásc geografach i gcás táirgí talmhaíochta agus earraí bia, lena leasaítear an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 297, 16.11.2011 lch. 1).

(20) Sa chomhthéacs sin, is gá socruithe a bhunú maidir le cinneadh a dhéanamh ar na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Comhchoistí agus i gcomhlachtaí eile a bhunaítear leis na comhaontuithe agus na prótacail i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach agus leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an tsláinte chun a ráthú go gcomhtháthaítear na gníomhartha dlí a ghlacann an tAontas sna réimsí a chumhdaítear leis na comhaontuithe agus an prótacal sna comhaontuithe agus an prótacal sin a luaithe is féidir tar éis a nglactha agus a dtarchurtha chuig an Eilvéis d'fhonn cur i bhfeidhm comhuaineach na ngníomhartha dlí sin san Aontas agus san Eilvéis a áirithiú.

(21) D'fhonn a chur ar a chumas don Aontas gníomhaíocht mhear éifeachtach a ghlacadh chun a leasanna a chosaint i gcomhréir leis na comhaontuithe agus na prótacail is ábhar don Chinneadh seo, is iomchuí, thairis sin, an Coimisiún Eorpach a údarú chun cinntí a ghlacadh lena gcuirtear cur i bhfeidhm na gcomhaontuithe agus na bprótacal ar fionraí trí bhíthin bearta cúiteacha, coimirce, cothromaithe, géarchéime agus fionraíochta i gcomhréir leis an coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha comhfhreagracha na gcomhaontuithe agus na bprótacal.

(22) A mhéid a bhaineann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, ba cheart don Choimisiún Eorpach leanúint de bhearta áirithe is gá chun an Comhaontú a chur chun feidhme a ghlacadh.

(23) Is iomlán comhleanúnach iad na comhaontuithe agus na prótacail is ábhar don chinneadh seo agus leagtar síos leo ailtireacht comhpháirtíochta treisithe agus cuimsithí i raon leathan réimsí a chumhdaítear leis na Conarthaí, bunaithe ar chothromaíocht iomchuí idir cearta agus oibleagáidí. Dá bhrí sin, ba cheart an cinneadh maidir le tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe agus na bprótacal sin a bheith bunaithe ar an mbunús dlí substainteach dá bhforáiltear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun comhlachas a bhunú lena ngabhann cearta agus oibleagáidí cómhalartacha, comhghníomhaíocht agus nós imeachta speisialta.

(24) Tá tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir an Aontais a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom'), tá sé faoi réir nós imeachta ar leithligh.

(25) Síníodh an Dearbhú Comhpháirteach idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hidirphlé ardleibhéil a bhunú i ndáil leis an bpacáiste leathan déthaobhach agus leis an bhforbairt bhreise fhéideartha ar an gcaidreamh déthaobhach idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis thar ceann an Aontais Eorpaigh an [dáta].

(26) Ba cheart na comhaontuithe agus na prótacail is ábhar don Chinneadh seo agus na dearbhuithe comhpháirteacha a ghabhann leis na comhaontuithe agus na prótacail sin a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Formheastar leis seo na comhaontuithe agus na prótacail seo a leanas:

(a) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine[9];

(b) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine[10];

(c) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar[11];

(d) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar[12];

(e) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar[13];

(f) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar[14];

(g) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar;

(h) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar[15];

(i) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta[16];

(j) Prótacal institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta[17];

(k) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta[18];

(l) Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta lena mbunaítear Comhlimistéar Sábháilteachta Bia[19];

(m) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le leictreachas[20];

---

9 Tá téacs an phrótacail foilsithe in IO L, [XXX].
10 Tá téacs an phrótacail foilsithe in IO L, [XXX].
11 Tá téacs an phrótacail foilsithe in IO L, [XXX].
12 Tá téacs an phrótacail foilsithe in IO L, [XXX].
13 Tá téacs an phrótacail foilsithe in IO L, [XXX].
14 Tá téacs an phrótacail foilsithe in IO L, [XXX].
15 Tá téacs an phrótacail foilsithe in IO L, [XXX].
16 Tá téacs an phrótacail foilsithe in IO L, [XXX].
17 Tá téacs an phrótacail foilsithe in IO L, [XXX].
18 Tá téacs an phrótacail foilsithe in IO L, [XXX].
19 Tá téacs an phrótacail foilsithe in IO L, [XXX].

(n) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an tsláinte[21];

(o) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht thráthrialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú[22];

(p) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis[23];

(q) Prótacal idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar parlaiminteach[24].

2. Leis seo, formheastar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir an Aontais a mhéid a bhaineann le hábhair seachas na cinn a thagann faoi raon feidhme Chonradh Euratom[25].

*Airteagal 2*

1. Formheastar leis seo an Dearbhú Comhpháirteach maidir le hidirphlé ardleibhéil a bhunú i ndáil leis an bpacáiste leathan déthaobhach agus leis an bhforbairt bhreise fhéideartha ar an gcaidreamh déthaobhach idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis[26].

2. Formheastar leis seo na dearbhuithe comhpháirteacha seo a leanas a ghabhann leis na comhaontuithe agus na prótacail dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo:

(a) na dearbhuithe comhpháirteacha seo a leanas a ghabhann leis an bprótacal leasaitheach dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a), den Chinneadh seo[27]:

– Dearbhú Comhpháirteach maidir le saoránacht an Aontais;

– Dearbhú Comhpháirteach maidir le mí-úsáid ceart a thugtar le Treoir 2004/38/CE a chosc agus gníomhú ina haghaidh;

– Dearbhú Comhpháirteach maidir le cúnamh sóisialta a dhiúltú agus cónaí a fhoirceannadh sula bhfaightear buanchónaí;

– Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an bhfógra faoi dhul i mbun fostaíochta

– Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gCoinbhinsiún um Cháilíochtaí a Aithint;

– Dearbhú Comhpháirteach maidir le folúntais;

20 Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L [XXX].
21 Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L [XXX].
22 Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L [XXX].
23 Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L [XXX].
24 Tá téacs an phrótacail foilsithe in IO L, [XXX].
25 Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L [XXX].
26 Foilsíodh an Dearbhú in IO L, [XXX].
27 Foilsíodh an Dearbhú in IO L, [XXX].

– Dearbhú Comhpháirteach maidir le comhchuspóirí i ndáil leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar suas le 90 lá oibre agus cearta oibrithe ar postú a áirithiú

– Dearbhú Comhpháirteach maidir le córais rialaithe éifeachtacha lena n-áirítear córas dé-fhorfheidhmiúcháin na hEilvéise;

– Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an bprionsabal 'pá comhionainn as obair chomhionann san áit chéanna' agus maidir le leibhéal comhréireach agus leordhóthanach cosanta d'oibrithe ar postú;

– Dearbhú Comhpháirteach maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i ngníomhaíochtaí an Údaráis Eorpaigh Saothair;

– Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gcóras clárúcháin dearbhaitheach d'oibrithe teorann;

– Dearbhú Comhpháirteach maidir le dhá ghníomh dlí de chuid an Aontais a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú;

(b) an dearbhú comhpháirteach a ghabhann leis an bprótacal maidir le Státchabhair dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (e), den Chinneadh seo[28];

(c) an dearbhú comhpháirteach a ghabhann leis an bprótacal leasaitheach dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (f), den Chinneadh seo[29];

(d) an dearbhú comhpháirteach a ghabhann leis an bprótacal maidir le Státchabhair dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (h), den Chinneadh seo[30];

(e) an dearbhú comhpháirteach a ghabhann leis an gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (m), den Chinneadh seo[31].

3. Tugann an Chomhairle dá haire na dearbhuithe seo a leanas ón Eilvéis:

(a) Dearbhú ón Eilvéis maidir le bearta atá le déanamh i leith daoine féinfhostaithe i gcomhthéacs an nós imeachta um fhógra a thabhairt maidir le tréimhsí gearrfhanachta a bhaineann leis an obair, a ghabhann leis an bprótacal leasaitheach dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a), den Chinneadh seo[32];

(b) Dearbhú ó Chónaidhm na hEilvéise maidir leis na heilimintí institiúideacha a áireamh de réir analaí sa Chomhaontú maidir leis an tSláinte a ghabhann leis an gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (n), den Chinneadh seo[33].

*Airteagal 3*

1. Déanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais sna Comhchoistí, agus in aon chomhchomhlacht breise a bhunaítear i gcomhréir leis na comhaontuithe agus an prótacal seo a leanas:

[28] Foilsíodh an Dearbhú in IO L, [XXX].
[29] Foilsíodh an Dearbhú in IO L, [XXX].
[30] Foilsíodh an Dearbhú in IO L, [XXX].
[31] Foilsíodh an Dearbhú in IO L, [XXX].
[32] Foilsíodh an Dearbhú in IO L, [XXX].
[33] Foilsíodh an Dearbhú in IO L, [XXX].

(a) an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine;

(b) an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;

(c) an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar;

(d) an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta;

(e) an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta;

(f) an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta lena mbunaítear Comhlimistéar Sábháilteachta Bia;

(g) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le leictreachas;

(h) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an tsláinte;

(i) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht thráthrialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú;

(j) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir an Aontais;

(k) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis;

2. Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún Eorpach ionadaíocht thar ceann an Aontais sna comhlachtaí a bhunaítear leis na comhaontuithe agus na prótacail dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas go tráthúil faoin bplé agus faoi thoradh na gcruinnithe agus faoi na gníomhartha arna nglacadh sna cruinnithe sin.

3. Ceadófar do gach Ballstát ionadaí amháin a chur i dteannta ionadaí an Choimisiúin, mar chuid de thoscaireacht an Aontais, i gcruinnithe na gComhchoistí a bhunaítear leis na comhaontuithe agus na prótacail dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 4*

1. Údarófar don Choimisiún seasamh an Aontais a ghlacadh sna Comhchoistí a bhunaítear leis na comhaontuithe agus na prótacail dá dtagraítear in Airteagal 3(1) maidir leis na cinntí seo a leanas:

(a) cinntí lena leagtar síos treoracha maidir le láimhseáil faisnéise íogaire neamhaicmithe,

(b) cinntí lena gcuirtear meithleacha nó grúpaí saineolaithe ar bun i gcomhréir leis na hAirteagail seo a leanas:

– Airteagal 14(7) den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (a), den Chinneadh seo;

– Airteagal 21(8) den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (b), den Chinneadh seo;

– Airteagal 51(7) den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (c), den Chinneadh seo;

– Airteagal 10(7) den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (d), den Chinneadh seo;

– Airteagal 6(7) den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (e), den Chinneadh seo;

– Airteagal 11(8) den phrótacal dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (f), den Chinneadh seo;

– Airteagal 25(8) den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (g), den Chinneadh seo;

– Airteagal 19(7) den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (h), den Chinneadh seo;

(c) cinntí lena gcomhtháthaítear gníomhartha dlí de chuid an Aontais sna comhaontuithe, faoi réir aon choigeartú teicniúil is gá, i gcomhréir leis na hAirteagail seo a leanas:

– na hAirteagail 5(4) faoi seach de na prótacail institiúideacha a ghabhann leis na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a) go (d), den Chinneadh seo;

– Airteagal 13(4) den phrótacal dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (f), den Chinneadh seo;

– Airteagal 27(4) den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (g), den Chinneadh seo;

– Airteagal 6(4) den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (h), den Chinneadh seo;

(d) cinntí lena mbunaítear liosta coistí breise agus comhlachtaí eile ina mbeidh saineolaithe na hEilvéise rannpháirteach, i gcás inar gá sin chun feidhmiú cuí na gcomhaontuithe nó na bprótacal a áirithiú, i gcomhréir leis na hAirteagail seo a leanas:

– na hAirteagail 4(4) faoi seach de na prótacail institiúideacha a ghabhann leis na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a) go (d), den Chinneadh seo;

– Airteagal 12(4) den phrótacal dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (f), den Chinneadh seo;

– Airteagal 26(4) den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (g), den Chinneadh seo;

– Airteagal 5(4) den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (h), den Chinneadh seo;

(e) cinntí lena nglactar na rialacha maidir le sonraí pearsanta a chosaint, rúndacht ghairmiúil agus leasanna dlisteanacha na rúndachta nach mór do Bhiúró

Idirnáisiúnta na Buanchúirte Eadrána a urramú agus cinntí an bhinse eadrána á bpoibliú, i gcomhréir leis na hAirteagail IV.2(4) faoi seach de na comhaontuithe nó na prótacail seo a leanas:

– na Foscríbhinní faoi seach a ghabhann leis na prótacail institiúideacha a ghabhann leis na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a) go (d), den Chinneadh seo;

– an Fhoscríbhinn maidir leis an mbinse eadrána a ghabhann leis an bprótacal dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (f), den Chinneadh seo;

– na prótacail faoi seach maidir leis an mbinse eadrána a ghabhann leis na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (e), (g), (h) agus (i);

(f) cinntí lena ndéantar an liosta maidir le cúiteamh laethúil agus líon uasta agus íosta uaireanta an chloig a bhfuil eadránaithe in ann táillí a fháil ina leith a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta, i gcomhréir leis na hAirteagail VI.6(2) faoi seach de na comhaontuithe nó na prótacail seo a leanas:

– na Foscríbhinní faoi seach maidir leis an mbinse eadrána a ghabhann leis na prótacail institiúideacha a ghabhann leis na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a) go (d), den Chinneadh seo;

– an Fhoscríbhinn maidir leis an mbinse eadrána a ghabhann leis an bprótacal dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (f), den Chinneadh seo;

– na prótacail faoi seach maidir leis an mbinse eadrána a ghabhann leis na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (e), (g), (h) agus (i) den Chinneadh seo;

(g) na cinntí seo a leanas faoin gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (c), den Chinneadh seo;

– cinntí lena ndéantar idirdhealú idir na muirir is infheidhme maidir le catagóirí feithiclí earraí troma agus lena gcinntear na meánmhuirir ualaithe dá dtagraítear in Airteagail 40(2) agus 40(3) den chomhaontú, i gcomhréir lena Airteagail 40(2) agus (5);

– cinntí lena ndéantar na leibhéil uasta muirear a shocraítear in Airteagal 40(3) den chomhaontú a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta; i gcomhréir lena Airteagal 42(2);

– cinntí lena gcinntear na nósanna imeachta riaracháin lena rialaítear oibriú na faireachlainne chun monatóireacht a dhéanamh ar thrácht ar bhóithre, ar thrácht ar iarnród agus ar thrácht traschórais i réigiún na nAlp, mar aon le ranníocaíocht gach Páirtí Chonarthaigh le maoiniú a hoibriú, i gcomhréir le hAirteagail 45(2) agus 45(3) den chomhaontú;

– cinntí a ghlactar de bhun Airteagail 46(2) agus (4) den chomhaontú;

– cinntí i gcomhthéacs na mbeart coimirce comhthoiliúil i gcás suaitheadh tromchúiseach sreabh tráchta trasalpach, lena ndéantar dochar do bhaint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 30 den chomhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 47 den chomhaontú;

– cinntí chun Iarscríbhinní 5, 6, 8 agus 9 den chomhaontú a leasú, i gcomhréir le hAirteagal 55(3) den chomhaontú;

– cinntí lena gcinntear an nós imeachta chun faisnéis a chur in iúl idir údaráis inniúla faoi iompróirí a sholáthraíonn seirbhísí cóiste idirnáisiúnta ócáideacha den sórt sin, i gcomhréir le hAirteagal 1, pointe 2.3, d'Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis an gcomhaontú;

– cinntí a bhaineann le húdaruithe chun seirbhísí cóiste agus bus idirnáisiúnta a rith sna cásanna ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 4 d'Iarscríbhinn 7 den chomhaontú, i gcomhréir le hAirteagail 4(4) agus 4(7) den Iarscríbhinn;

(h) na cinntí seo a leanas faoin gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (d), den Chinneadh seo;

– cinntí lena dtarraingítear suas an nós imeachta chun na fíorúcháin dá bhforáiltear in Airteagail 7 agus 8 den chomhaontú a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad agus an dara fleasc dá Airteagal 10(3), pointe (d), den chomhaontú;

– cinntí maidir le haithint nó le haistarraingt comhlachtaí measúnaithe comhréireachta a chuirtear ina n-aghaidh faoi Airteagal 8 den chomhaontú, i gcomhréir leis an tríú agus an ceathrú fleasc d'Airteagal 10(3), pointe (e), den chomhaontú;

– cinntí lena leagtar síos an nós imeachta chun go ndéanfaidh comhlachtaí ainmnithe cigireachtaí comhpháirteacha ar chomhlíontacht na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal (2) d'Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an gcomhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Iarscríbhinn;

(i) cinntí faoin gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (e), den Chinneadh seo, a mhéid a bhaineann leis na hábhair seo a leanas:

– ábhair a bhaineann le hIarscríbhinní 7 go 10 agus 12 a ghabhann leis an gcomhaontú agus na Foscríbhinní a ghabhann leis;

– ábhair a bhaineann le hIarscríbhinní 4 go 6 agus 11 a ghabhann leis an gcomhaontú le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 32 den phrótacal dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (f), den Chinneadh seo;

(j) cinntí lena leagtar síos réitigh iomchuí lena bhforáiltear maidir le malartú díreach faisnéise idir an Coimisiún Eorpach agus údaráis inniúla na hEilvéise agus na comhlachtaí ábhartha i réimsí ina bhfuil gá le haistriú mear faisnéise, i gcomhréir leis na hAirteagail seo a leanas:

– Airteagal 2(2) d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (d), den Chinneadh seo;

– Airteagail 40(3) agus 41(2) den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (g), den Chinneadh seo;

2. Maidir le cinntí a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu arna nglacadh ag na Comhchoistí a bhunaítear leis na comhaontuithe nó an prótacal dá dtagraítear in Airteagal 3(1), seachas na cinntí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, bunófar na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 218(9) CFAE.

*Airteagal 5*

1. Déanfaidh an Coimisiún aon chinneadh chun na bearta seo a leanas a dhéanamh thar ceann an Aontais:

   (a) bearta cúiteacha maidir leis na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a) go (i), den Chinneadh seo a bheith curtha i bhfeidhm go mícheart d’fhonn éagothroimí a leigheas i gcomhréir leis na hAirteagail seo a leanas:

      – na hAirteagail 11 faoi seach de na prótacail institiúideacha a ghabhann leis na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a) go (d), den Chinneadh seo;

      – Airteagal 21 den phrótacal dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (f), den Chinneadh seo;

      – Airteagal 33 den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (g), den Chinneadh seo;

      – Airteagal 16 den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (h), den Chinneadh seo; nó

      – Airteagal 17 den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (i), den Chinneadh seo;

   (b) bearta athchothromúcháin agus bearta idirlinne athchothromúcháin i gcás ina ndéanann bearta coimirce a dhéanann an Eilvéis faoin gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (a), den Chinneadh seo, atá beartaithe chun deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha nó sóisialta a eascraíonn as cur i bhfeidhm an chomhaontaithe a leigheas, éagothroime a chruthú idir na cearta agus na hoibleagáidí faoi seach faoin gcomhaontú, i gcomhréir le hAirteagail 14a(3) agus 14a(5) den chomhaontú;

   (c) na bearta seo a leanas faoin gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (c), den Chinneadh seo;

      – bearta coimirce aontaobhacha lena méadaítear na muirir is infheidhme maidir le feithiclí i gcás deacrachtaí le sreabha tráchta trasalpacha agus tearcúsáid acmhainneacht iarnróid an Aontais, bearta arb é is aidhm dóibh an t-iompar d’iarnróid agus an t-iompar traschórais a dhéanamh níos iomaíche vis-à-vis an t-iompar ar bhóithre, i gcomhréir le hAirteagal 46 den chomhaontú;

      – bearta coimirce comhthoiliúla i gcás suaitheadh tromchúiseach sreabh tráchta trasalpach, lena ndéantar dochar do bhaint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 30 den chomhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 47 den chomhaontú;

      – bearta géarchéime atá beartaithe chun sreabha tráchta trasalpacha a athchóiriú agus a choinneáil ar bun i gcás ina ndéantar suaitheadh tromchúiseach dóibh ar chúiseanna force majeure, i gcomhréir le hAirteagal 48 den chomhaontú;

   (d) bearta coimirce i gcás, i dtaca le cur i bhfeidhm Iarscríbhinní 1, 2 agus 3 den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (e), den Chinneadh seo, inar cúis nó inar bagairt le bheith ina gcúis le suaitheadh tromchúiseach i gcómhargaí talmhaíochta an Aontais iad allmhairí táirgí talmhaíochta de thionscnamh na hEilvéise, i gcomhréir le hAirteagal 10 den chomhaontú;

(e) bearta coimirce idirlinne i gcás, mar gheall ar mhainneachtain na hEilvéise oibleagáid a chomhlíonadh faoi Iarscríbhinní 7 go 10 a ghabhann leis an gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (e), den Chinneadh seo, ina bhfuil riosca ann go gcuirfí sláinte an duine i mbaol nó go gcuirfí isteach ar éifeachtacht na mbeart chun calaois a chomhrac, i gcomhréir le hAirteagal 26 d'Iarscríbhinn 7, Airteagal 16 d'Iarscríbhinn 8, Airteagal 9 d'Iarscríbhinn 9 agus Airteagal 5 d'Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an gcomhaontú;

(f) fionraíocht nó foirceannadh rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 19 den chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (j), den Chinneadh seo;

(g) bearta is gá chun sláine Chomhlimistéar Sábháilteachta Bia an Aontais a áirithiú, a leagtar amach in Airteagal 15(3) den phrótacal dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (f), den Chinneadh seo;

(h) fionraíocht rannpháirtíocht na hEilvéise i ngníomhaireachtaí, córais faisnéise agus gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais a liostaítear ar a bhfuil rochtain ag an Eilvéis i gcomhréir leis na hAirteagail seo a leanas:

   – na hAirteagail 13(2) faoi seach de na prótacail institiúideacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a) go (d), den Chinneadh seo;

   – na hAirteagail 9(2), 49(2) agus 25(2) faoi seach de na comhaontuithe agus na prótacail dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (f), (g) agus (h) den Chinneadh seo.

2. I gcás na gcinntí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (f), rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle sula nglactar cinntí. Féadfaidh an Coimisiún teorainn ama a shocrú, de réir phráinne an ábhair, ar laistigh di a dtabharfaidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa a dtuairim.

*Airteagal 6*

1. Glacfaidh an Coimisiún na bearta is gá chun an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (e), den Chinneadh seo a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann le:

– cur chun feidhme na lamháltas taraife a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 agus Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gcomhaontú, mar aon le leasuithe agus oiriúnaithe teicniúla is gá de thoradh leasuithe ar na cóid Ainmníochta Comhcheangailte agus TARIC;

– cur chun feidhme Theideal III d'Iarscríbhinn 7, Airteagal 14 d'Iarscríbhinn 8, Iarscríbhinn 9, Iarscríbhinn 10 agus Airteagail 3, 13 agus 15 d'Iarscríbhinn 12 a ghabhann leis an gcomhaontú.

2. Le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 32 den phrótacal dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (f), den Chinneadh seo, glacfaidh an Coimisiún na bearta is gá chun Iarscríbhinní 4 go 6 agus 11 a ghabhann leis an gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (e), den Chinneadh seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 7*

1. Aisghairtear Airteagail 2 go 6 de Chinneadh 2002/309 Euratom.

2. Aisghairtear Airteagal 3 de Chinneadh 2011/51/AE agus Airteagal 3 de Chinneadh 2011/738.

*Airteagal 8*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

## 'IONCAM'- LE hAGHAIDH TOGRAÍ A BHFUIL TIONCHAR BUISÉADACH ACU AR THAOBH IONCAIM AN BHUISÉID

## CUID 1: CLÁIR DE CHUID AN AONTAIS

### 1. AINM AN TOGRA:

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú.

### 2. LÍNTE BUISÉID:

Tugtar mionsonraí i gCuid I ar thionchar airgeadais an Chomhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir an Aontais (dá ngairtear 'an Comhaontú maidir le cláir an Aontais' anseo feasta). Tugtar mionsonraí le Cuid II ar thionchar airgeadais na gcomhaontuithe sa phacáiste leathan ina bhforáiltear maidir le ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise le gníomhaireachtaí agus córais faisnéise éagsúla.

- **Fís Eorpach**

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– 6 0 1 0 — Fís Eorpach — Ioncam sannta

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann:

Sannfar an t-ioncam don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

- – Airteagal iomlán 01 01 01 (01 01 01 01, 01 01 01 02, 01 01 01 03, 01 01 01 11, 01 01 01 12, 01 01 01 13, 01 01 01 71, 01 01 01 72, 01 01 01 73, 01 01 01 74, 01 01 01 76);
- – Airteagal iomlán 01 02 01 (01 02 01 01, 01 02 01 02, 01 02 01 03);
- – Airteagal iomlán 01 02 02 (01 02 02 10, 01 02 02 11, 01 02 02 12, 01 02 02 20, 01 02 02 30, 01 02 02 31, 01 02 02 40, 01 02 02 41, 01 02 02 42, 01 02 02 43, 01 02 02 50, 01 02 02 51, 01 02 02 52, 01 02 02 53, 01 02 02 54, 01 02 02 60, 01 02 02 61, 01 02 02 70);
- – Airteagal iomlán 01 02 03 (01 02 03 01, 01 02 03 02, 01 02 03 03);
- – Airteagal iomlán 01 02 04 (01 02 04 01, 01 02 04 02);
- – Airteagal 01 02 05;
- – Líne bhuiséid 20.XX Caiteachas riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh.

- **Erasmus+**

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– 6 0 1 0 — Erasmus+ — Ioncam sannta

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann:

Sannfar an t-ioncam don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– Airteagal iomlán Erasmus+ (Ceannteideal 2: 07.030101, 07.030102, 07.0302, 07.0303, 07.010201.xx, 07.010275)

– Erasmus+ (Ceannteideal 6: 15.020102, 14.020150, 14.010175, 15.010175).

– Líne bhuiséid 20.XX Caiteachas riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh

- **EU4Health**

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– Teideal 6: Ioncam, ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais, Caibidil 6 1 : Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna, Airteagal 6 1 1 : Téarnamh agus Athléimneacht, agus Ítim 6113 clár EU4Health — Ioncam sannta

Sannfar na hioncaim do na línte caiteachais seo a leanas:

| **Líne bhuiséid** | **Teideal** |
|---|---|
| 06 01 05 73– Ceannteideal 2b | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ón gClár EU4Health |
| 06 01 05 01– Ceannteideal 2b | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir EU4Health |
| 06 06 01– Ceannteideal 2b | Clár EU4Health |
| 20 02 01 01 – Ceannteideal 7 | Baill foirne ar conradh |
| 20 04 01 – Ceannteideal 7 | Córais faisnéise |

- **An Eoraip Dhigiteach**

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– 6 0 2 0 — An Clár don Eoraip Dhigiteach — Ioncam sannta

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann: 19 296 000

Sannfar an t-ioncam don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

| | |
|---|---|
| 02 01 30 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Eoraip Dhigiteach |
| 02 01 30 73 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ón gClár don Eoraip Dhigiteach |
| 02 04 02 10 | An Clár don Eoraip Dhigiteach - An ríomhaireacht ardfheidhmíochta |
| 02 04 03 00 | An Clár don Eoraip Dhigiteach - an Intleacht Shaorga |
| 02 04 04 00 | An Clár don Eoraip Dhigiteach - Scileanna |
| 02 04 05 01 | An Clár don Eoraip Dhigiteach - Cur in úsáid |
| 02 04 05 02 | An Clár don Eoraip Dhigiteach - Cur in úsáid / Idir-inoibritheacht |
| Líne bhuiséid 20.XX | Caiteachas riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh |

## 3. TIONCHAR AIRGEADAIS[1]

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

☑ Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

- **Fís Eorpach**

*(EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam | Tréimhse XX mí dar tús ll/mm/bbbb (más infheidhme) | Bliain N (2025) |
|---|---|---|---|
| 6 0 1 0 | 1 934.043 | 36 mhí dar tús 01/01/2025 | 636.724 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta |
|---|

[1] Is figiúirí táscacha iad na figiúirí uile le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027 a luaitear sa roinn seo, agus comhfhreagraíonn siad do na meastacháin is déanaí atá ar fáil.

| Líne ioncaim | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|
| 6 0 1 0 | 636.724 | 640.836 | 656.483 |

| Líne chaiteachais | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|
| Airteagail 01 01 01; 01 02 01; 01 02 02; 01 02 03; 01 02 04; 01 02 05 | 621.194 | 622.171 | 631.234 |
| 20 XX | 15.530 | 18.665 | 25.249 |

- **Erasmus+**

*(EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam | Tréimhse XX mí dar tús ll/mm/bbbb (más infheidhme) | Bliain N (2027) |
|---|---|---|---|
| 6 0 1 0 | 181.1 | 12 mhí dar tús 01/1/2027 | 181.1 |

| Líne ioncaim | 2027 |
|---|---|
| 6 0 1 0 | 181.1 |

| Líne chaiteachais | 2027 |
|---|---|
| Airteagail :<br>07.030101, 07.030102, 07.0302, 07.0303, 07.010201, 07.010275 | 174.1 |
| 20 XX | 7.0 |

- **EU4Health**

*(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam[2] | Tréimhse 24 mhí dar tús 01/01/2026 | Bliain N |
|---|---|---|---|
| Airteagal 6113 | 47.738[3] | 01/1/2026[4] | 31/12/2027 |

| Líne ioncaim | 2026[5] | 2027 |
|---|---|---|
| Airteagal 6113 | 23.869 | 23.869 |

*(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)*

| Líne chaiteachais | Teideal | Leithdháileadh 2026 |
|---|---|---|
| 06 01 05 73 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ón gClár EU4Health | 0.684 |
| 06 01 05 01 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir EU4Health | 0.292 |
| 06 06 01 | Clár EU4Health | 22.425 |
| 20 02 01 01 | Baill foirne ar conradh | 0.234 |
| 20 04 01 | Córais faisnéise | 0.234 |

- **An Eoraip Dhigiteach**

*(EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam | Tréimhse XX mí dar tús ll/mm/bbbb *(más infheidhme)* | Bliain N (2025) |
|---|---|---|---|
| 6 0 2 2 | 59.875 | 36 mhí dar tús 01/01/2025 | 19.296 |

2 Is meastachán, atá bunaithe ar an bhfoirmle nó ar an modh a shainítear faoi roinn 4, é an méid.

3 Tá an méid iomlán beagán éagsúil ón méid iomlán sa tábla thíos mar gheall ar shlánú na méideanna bliantúla go dtí ionad deachúlach amháin.

4 Glacfaidh an Eilvéis páirt sa Chlár EU4Health ón 1 Eanáir den bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an tSláinte, ar feadh na tréimhse atá fágtha den Chlár EU4Health nó go dtí deireadh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, cibé acu is giorra.

5 Tá an méid bunaithe ar an imchlúdach Ullmhachta Géarchéime atá cláraithe sa Clár Oibre EU4Health 2024.

| Staid tar éis na gníomhaíochta | | | |
|---|---|---|---|
| Líne ioncaim | 2025 | 2026 | 2027 |
| 6 0 2 2 | 19.296 | 18.793 | 21.786 |

| Líne chaiteachais | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|
| Airteagail<br>02 01 30<br>02 04 02<br>02 04 03<br>02 04 04<br>02 04 05 | 18.826 | 18.245 | 20.948 |
| 20 XX | 0.470 | 0.548 | 0.838 |

## 4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Le hAirteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ceanglaítear ar an gCoimisiún calaois agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Dá bhrí sin, is oibleagáid ghinearálta ar Sheirbhísí uile an Choimisiúin, faoi chuimsiú a bhfreagrachtaí laethúla a bhaineann le húsáid acmhainní, an chalaois a chosc agus a bhrath.

Tá tionchar diúltach ar leith ag aon chalaois nó neamhréireacht a bhaineann le cistí an Aontais ar chlú an Choimisiúin agus ar chur chun feidhme bheartais an Aontais. Glacadh Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin (CAFS) atá ann faoi láthair (COM(2019)196) an 29 Aibreán 2019, chun Straitéis 2011 a ionadú. Is doiciméad beartais é lena leagtar amach tosaíochtaí an Choimisiúin sa chomhrac in aghaidh na calaoise i bhfianaise an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Is iad príomhchuspóirí Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin 2019 1) ‘tuilleadh feabhais a chur ar an tuiscint ar phatrúin chalaoise, ar phróifílí calaoiseoirí agus ar leochaileachtaí sistéamacha a bhaineann le calaois a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais’ (bailiú agus anailísiú sonraí), agus 2) ‘barrfheabhas a chur ar an gcomhordú, ar an gcomhar agus ar na sreafaí oibre le haghaidh an chomhraic in aghaidh na calaoise, go háirithe i measc sheirbhísí agus ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Choimisiúin’ (comhordú, comhar agus próisis). Ag gabháil leis an straitéis tá Plean Gníomhaíochta a athbhreithníodh i mí Iúil 2023 agus a fhéachann, cosúil lena réamhtheachtaí, le gach cuid den timthriall frithchalaoise a neartú: cosc, brath, imscrúdú agus ceartú.

Is iad seo a leanas treoirphrionsabail agus sprioc-chaighdeáin Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin 2019:

– neamhfhulaingt ar an gcalaois;

– comhrac in aghaidh na calaoise mar chuid dhílis de rialú inmheánach;

– cost-éifeachtúlacht na rialuithe;

– ionracas agus inniúlacht ghairmiúil fhoireann an Aontais;

– trédhearcacht maidir leis an mbealach a n-úsáidtear cistí ón Aontas;

– cosc calaoise, go háirithe seiceálacha a dhéanamh ar chláir chaiteachais ó thaobh cosanta calaoise de;

– acmhainneacht maidir le himscrúdú éifeachtach agus malartú tráthúil faisnéise;

– ceartú pras (lena n-áirítear cistí a ndearnadh calaois orthu agus smachtbhannaí breithiúnacha nó riaracháin a aisghabháil);

– dea-chomhar idir gníomhaithe inmheánacha agus seachtracha, go háirithe idir an tAontas Eorpach agus údaráis náisiúnta atá freagrach, agus i measc ranna institiúidí agus chomhlachtaí uile an Aontais lena mbaineann;

– cumarsáid inmheánach agus sheachtrach atá éifeachtach maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise.

Tá forálacha mionsonraithe in Airteagal 11 go hAirteagal 14 den Chomhaontú maidir le cláir an Aontais i dtaca le Bainistíocht Fhónta Airgeadais, lena n- áirítear bearta frithchalaoise freisin. Beidh na bearta sin infheidhme go cothrománach chun a áirithiú go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais ar fud chláir nó ghníomhaíochtaí an Aontais a chumhdófar sna Prótacail a bheidh ann amach anseo a d’fhéadfadh an Comhchoiste a ghlacadh faoin gComhaontú maidir le cláir an Aontais chun Cónaidhm na hEilvéise a chomhlachú le roinnt clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais. Tá siad infheidhme freisin maidir le prótacail, ós rud é gur cuid dhílis de na prótacail agus de na hiarscríbhinní iad.

Go háirithe, déantar foráil in Airteagal 11 agus Airteagal 12 den Chomhaontú maidir leis na mionsonraí agus na próisis is gá agus ceadaítear do na comhlachtaí cúraimí a fhorghníomhú gan locht chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint (an Coimisiún Eorpach nó daoine eile ar thug an Coimisiún Eorpach sainordú dóibh, lena n- áirítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)). Le linn chur chun feidhme na gClár nó na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear le Prótacal/Prótacail an Chomhaontaithe maidir le cláir an Aontais, tá an prionsabal slán: tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n- áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n- áirítear calaois, le cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, le pionóis riaracháin a fhorchur.

I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d’aon duine nó d’aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas oibriú i gcomhar go hiomlán maidir le leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha. Mar a fhoráiltear go sainráite in Airteagal 11(4) den Chomhaontú maidir le cláir an Aontais, féadfar na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí a dhéanamh freisin tar éis chur i bhfeidhm an Phrótacail a chur ar fionraí, tar éis scor an chur i bhfeidhm nó tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe maidir le cláir an Aontais.

Áirithíonn an Comhaontú maidir le cláir an Aontais go bhféadfadh OLAF imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n- áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, ar chríoch Chónaidhm na hEilvéise ar eintiteas de chuid na hEilvéise atá ina pháirtí i gcomhaontú cistiúcháin ábhartha nó d’eintiteas de chuid na hEilvéise tríú páirtí a chuireann an comhaontú cistiúcháin chun feidhme faoi chonradh, i gcomhréir leis an gcomhaontú cistiúcháin ábhartha

agus leis an gconradh eile is infheidhme, agus a mhéid a fhoráiltear maidir leis sin ann. Agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu i gcríoch Chónaidhm na hEilvéise, gníomhóidh an Coimisiún Eorpach agus OLAF ar bhealach atá comhsheasmhach le dlí na hEilvéise.

Féadfaidh oifigigh de chuid an Aontais, go háirithe oifigigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, nó daoine eile arna sainordú ag an gCoimisiún Eorpach, athbhreithnithe agus iniúchtaí a dhéanamh. Agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu i gcríoch Chónaidhm na hEilvéise, gníomhóidh an Coimisiún Eorpach nó daoine eile arna sainordú ag an gCoimisiún Eorpach ar bhealach a bheidh i gcomhréir le dlí na hEilvéise.

I gcomhréir leis na hionstraimí comhair idirnáisiúnta is infheidhme, oibreoidh údaráis na hEilvéise i gcomhar le húdaráis an Aontais nó na mBallstát atá inniúil i gcionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n- áirítear déantóirí agus comhchoirithe líomhnaithe na gcionta coiriúla sin a thabhairt chun breithiúnais. Maidir le hiarrataí arna dtíolacadh de bhun na n- ionstraimí comhair idirnáisiúnta is infheidhme, féadfar a áireamh iontu, de réir mar is infheidhme, iarrataí arna ndéanamh i ndáil le himscrúduithe nó ionchúisimh OIPE. Tugtar leis sin deis dul i gcomhar le OIPE mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil.

Thairis sin, déantar foráil sa Chomhaontú maidir le cláir an Aontais i dtaca le sásraí éifeachtach chun forfheidhmiú chinntí an Choimisiúin ar chríoch Chónaidhm na hEilvéise a áirithiú.

## 5. BARÚLACHA EILE

Sainmhínítear an modh chun ranníocaíocht airgeadais Chónaidhm na hEilvéise a ríomh ar fud chláir de chuid an Aontais in Airteagal 7 maidir le coinníollacha airgeadais arna bhforlíonadh le hAirteagail 8 agus 9 den Chomhaontú agus in Iarscríbhinn I maidir le forálacha cur chun feidhme airgeadais an Chomhaontaithe.

A mhéid a bhaineann le EU4Health, tá dáileadh measta na ranníocaíochta tíre comhlachaithe le línte buiséid éagsúla an chláir bunaithe ar sciar coibhneasta gach líne buiséid ar bhuiséad an chláir i mbuiséad an Aontais (leithreasuithe C1, bunaithe ar chlársceidealú Airgeadais 2021-2027, lena n- áirítear breisiú measta ó fhíneálacha – Airteagal 5 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil). Úsáidfear méid táscach de ranníocaíocht na tíre comhlachaithe freisin chun na costais riaracháin dhíláraithe a chumhdach (Pearsanra seachtrach / Caiteachas bainistíochta eile).

**CUID II:**

**GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM AN gCLÁR SPÁIS**

**1. AINM AN TOGRA:**

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le siniú pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú.

**2. LÍNTE BUISÉID:**

Tugtar mionsonraí le Cuid II ar thionchar airgeadais an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise II nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (dá ngairtear ‘an Comhaontú’ anseo feasta). Tugtar mionsonraí i gCuid I ar thionchar airgeadais an Chomhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir an Aontais. Tugtar mionsonraí i gCuid III ar thionchar airgeadais na gcomhaontuithe sa phacáiste leathan ina bhforáiltear maidir le ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise le gníomhaireachtaí agus córais faisnéise éagsúla.

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– Airteagal 04 10 01 – Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) – ioncam sannta seachtrach

Sannfar an t-ioncam don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– Airteagal 04 10 01 – Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) – buiséad ar vótáladh ina fhabhar

**3. TIONCHAR AIRGEADAIS**[6]

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

☑ Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

[6] Is figiúirí táscacha iad na figiúirí uile le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027 a luaitear sa roinn seo, agus comhfhreagraíonn siad do na meastacháin is déanaí atá ar fáil.

Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

*(EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam | Tréimhse XX mí dar tús ll/mm/bbbb (más infheidhme) | Bliain N (2026) |
|---|---|---|---|
| 04 10 01 | 4 098 115 | 24 mhí dar tús 01/01/2026 | 4 098 115 |

| Líne ioncaim | 2026 | 2027 |
|---|---|---|
| 04 10 01 | 4 098 115 | 4 185 977 |

| Líne chaiteachais | 2026 | 2027 |
|---|---|---|
| 04 10 01 | 4 098 115 | 4 185 977 |

## 4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Le hAirteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ceanglaítear ar an gCoimisiún calaois agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Dá bhrí sin, is oibleagáid ghinearálta ar Sheirbhísí uile an Choimisiúin, faoi chuimsiú a bhfreagrachtaí laethúla a bhaineann le húsáid acmhainní, an chalaois a chosc agus a bhrath.

Tá tionchar diúltach ar leith ag aon chalaois nó neamhréireacht a bhaineann le cistí an Aontais ar chlú an Choimisiúin agus ar chur chun feidhme bheartais an Aontais. Glacadh Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin (CAFS) atá ann faoi láthair (COM(2019)196) an 29 Aibreán 2019, chun Straitéis 2011 a ionadú. Is doiciméad beartais é lena leagtar amach tosaíochtaí an Choimisiúin sa chomhrac in aghaidh na calaoise i bhfianaise an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Is iad príomhchuspóirí Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin 2019 1) 'tuilleadh feabhais a chur ar an tuiscint ar phatrúin chalaoise, ar phróifílí calaoiseoirí agus ar leochaileachtaí sistéamacha a bhaineann le calaois a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais' (bailiú agus anailísiú sonraí), agus 2) 'barrfheabhas a chur ar an gcomhordú, ar an gcomhar agus ar na sreafaí oibre le haghaidh an chomhraic in aghaidh na calaoise, go háirithe i measc sheirbhísí agus ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Choimisiúin' (comhordú, comhar agus próisis). Ag gabháil leis an straitéis tá Plean Gníomhaíochta a athbhreithníodh i mí Iúil 2023 agus a fhéachann, cosúil lena réamhtheachtaí, le gach cuid den timthriall frithchalaoise a neartú: cosc, brath, imscrúdú agus ceartú.

Is iad seo a leanas treoirphrionsabail agus sprioc-chaighdeáin Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin 2019:

– neamhfhulaingt ar an gcalaois;

– comhrac in aghaidh na calaoise mar chuid dhílis de rialú inmheánach;

– cost-éifeachtúlacht na rialuithe;

- ionracas agus inniúlacht ghairmiúil fhoireann an Aontais;
- trédhearcacht maidir leis an mbealach a n-úsáidtear cistí ón Aontas;
- cosc calaoise, go háirithe seiceálacha a dhéanamh ar chláir chaiteachais ó thaobh cosanta calaoise de;
- acmhainneacht maidir le himscrúdú éifeachtach agus malartú tráthúil faisnéise;
- ceartú pras (lena n-áirítear cistí a ndearnadh calaois orthu agus smachtbhannaí breithiúnacha nó riaracháin a aisghabháil);
- dea-chomhar idir gníomhaithe inmheánacha agus seachtracha, go háirithe idir an tAontas Eorpach agus údaráis náisiúnta atá freagrach, agus i measc ranna institiúidí agus chomhlachtaí uile an Aontais lena mbaineann;
- cumarsáid inmheánach agus sheachtrach atá éifeachtach maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise.

In Airteagal 11 den Chomhaontú maidir leis an nGníomhaireacht um an gClár Spáis agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gcomhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise in EUSPA, tá forálacha mionsonraithe maidir leis an airgeadas a mhéid a bhaineann le rannpháirtithe na hEilvéise i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta um an gClár Spáis, lena n-áirítear bearta frithchalaoise freisin. Déantar foráil in Iarscríbhinn III maidir leis na mionsonraí agus na próisis is gá agus ceadaítear do na comhlachtaí cúraimí a fhorghníomhú gan locht chun leasanna airgeadais an Aontais (an Coimisiún Eorpach nó daoine eile ar thug an Coimisiún Eorpach sainordú dóibh, lena n-áirítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa) a chosaint. Tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n-áirítear calaois, le cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, le pionóis riaracháin a fhorchur.

I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas oibriú i gcomhar go hiomlán maidir le leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha. Mar a fhoráiltear go sainráite in Airteagal 11(4) den Chomhaontú maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, féadfar na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí a dhéanamh freisin tar éis chur i bhfeidhm an Phrótacail a chur ar fionraí, tar éis scor an chur i bhfeidhm nó tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe.

Áirithíonn an Comhaontú maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis go bhféadfadh OLAF imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n- áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, ar chríoch Chónaidhm na hEilvéise ar eintiteas de chuid na hEilvéise atá ina pháirtí i gcomhaontú cistiúcháin ábhartha nó d'eintiteas de chuid na hEilvéise tríú páirtí a chuireann an comhaontú cistiúcháin chun feidhme faoi chonradh, i gcomhréir leis an gcomhaontú cistiúcháin ábhartha agus leis an gconradh eile is infheidhme, agus a mhéid a fhoráiltear maidir leis sin ann. Agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu i gcríoch Chónaidhm na hEilvéise, gníomhóidh an Coimisiún Eorpach agus OLAF ar bhealach atá comhsheasmhach le dlí na hEilvéise.

Féadfaidh oifigigh de chuid an Aontais, go háirithe oifigigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, nó daoine eile arna sainordú ag an gCoimisiún Eorpach, athbhreithnithe agus iniúchtaí a dhéanamh. Agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu i

gcríoch Chónaidhm na hEilvéise, gníomhóidh an Coimisiún Eorpach nó daoine eile arna sainordú ag an gCoimisiún Eorpach ar bhealach a bheidh i gcomhréir le dlí na hEilvéise.

I gcomhréir leis na hionstraimí comhair idirnáisiúnta is infheidhme, oibreoidh údaráis na hEilvéise i gcomhar le húdaráis an Aontais nó na mBallstát atá inniúil i gcionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n- áirítear déantóirí agus comhchoirithe líomhnaithe na gcionta coiriúla sin a thabhairt chun breithiúnais. Maidir le hiarrataí arna dtíolacadh de bhun na n- ionstraimí comhair idirnáisiúnta is infheidhme, féadfar a áireamh iontu, de réir mar is infheidhme, iarrataí arna ndéanamh i ndáil le himscrúduithe nó ionchúisimh OIPE. Tugtar leis sin deis dul i gcomhar le OIPE mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil.

Thairis sin, déantar foráil sa Chomhaontú maidir leis an nGníomhaireacht um an gClár Spáis i dtaca le sásra éifeachtach chun forfheidhmiú chinntí an Choimisiúin ar chríoch Chónaidhm na hEilvéise a áirithiú.

## 5. BARÚLACHA EILE

Is i bhfoirm suim ranníocaíochta oibríochtúla ar thaobh amháin, agus táille rannpháirtíochta ar an taobh eile, a bheidh ranníocaíocht airgeadais bhliantúil na hEilvéise i leith EUSPA a mhaoiniú, mar a shainmhínítear in Airteagal 4 den Chomhaontú maidir leis an nGníomhaireacht um an gClár Spáis agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gcomhaontú sin.

Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil bunaithe ar threoir ranníoca arna sainiú mar an cóimheas idir Olltáirgeacht Intíre (OTI) na hEilvéise ag praghsanna an mhargaidh agus OTI an Aontais ag praghsanna an mhargaidh. Is iad na OTInna a bheidh le cur i bhfeidhm na cinn is déanaí ón 1 Eanáir den bhliain ina ndéanfar an íocaíocht bhliantúil mar a sholáthróidh Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (EUROSTAT), agus aird chuí á tabhairt ar an gComhaontú maidir le comhar i réimse an staidrimh[7]. Má scoireann an comhaontú sin d'fheidhm a bheith aige, is é an figiúr a ghlacfar mar OTI na hEilvéise an figiúr a bhunófar ar bhonn na faisnéise arna cur ar fáil ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE).

Déanfar an ranníocaíocht oibríochtúil a ríomh tríd an treoir ranníoca a chur i bhfeidhm maidir le buiséad bliantúil an Aontais ar vótáladh ina fhabhar arna inscríobh ar líne/línte fóirdheontais buiséid ábhartha an Aontais den bhliain atá i gceist. Beidh na méideanna tagartha uile bunaithe ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas.

Céatadán den táille oibríochtúil bhliantúil a bheidh sa táille rannpháirtíochta bhliantúil. Beidh na luachanna seo a leanas ag an táille rannpháirtíochta bhliantúil:

– in 2026: 2 %

– in 2027: 3 %

– in 2028 agus sna blianta ina dhiaidh sin: 4 %.

Is in euro a dhéanfar ranníocaíochtaí airgeadais uile na hEilvéise nó na híocaíochtaí uile ón Aontas agus is in euro a ríomhfar na méideanna a bheidh dlite nó le fáil.

---

7 Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar i réimse an staidrimh (IO L 90, 28.3.2006, lch. 2).

Eiseoidh an Coimisiún Eorpach glaonna ar chistí chuig an Eilvéis a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht na hEilvéise. Íocfaidh an Eilvéis an méid a shonrófar sa ghlao ar chistí 45 lá ar a dhéanaí tar éis an glao ar chistí a fháil.

Is é an toradh a bheidh ar aon mhoill ar íocaíocht na ranníocaíochta go n-íocfaidh an Eilvéis ús mainneachtana ar an méid atá gan íoc ón dáta dlite. Is é an ráta úis ar mhéideanna is infhaighte nach n-íoctar ar an dáta dlite an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina mbeidh an dáta dlite, nó 0 %, cibé acu is airde, móide 3,5 pointe céatadáin.

## CUID III:
## GNÍOMHAIREACHTAÍ AGUS CÓRAIS FAISNÉISE EILE

### 1. AINM AN TOGRA:

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú.

### 2. LÍNTE BUISÉID:

Tugtar mionsonraí le Cuid III ar thionchar airgeadais na gcomhaontuithe sa phacáiste leathan ina bhforáiltear maidir le ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise le gníomhaireachtaí agus córais faisnéise éagsúla, cé is moite den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis. Tugtar mionsonraí i gCodanna I agus II den ráiteas airgeadais reachtach ar thionchair airgeadais an Chomhaontuithe sin chomh maith leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir an Aontais.

.

Faoi na comhaontuithe i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach, tiocfaidh an Comhaontú maidir leis an tsláinte agus an Comhaontú maidir leis an nGníomhaireacht um an gClár Spáis i bhfeidhm, déanfaidh an Eilvéis ranníocaíocht airgeadais le buiséad an Aontais chun na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí, na córais faisnéise agus gníomhaíochtaí eile a bhfuil rochtain aici orthu faoi na comhaontuithe sin a bhainistiú agus a oibriú. Rinneadh sraith módúlachtaí airgeadais caighdeánacha a chaibidliú agus a chomhtháthú sna comhaontuithe sonracha. Ní bhaineann siad sin leis na comhaontuithe maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis ná i gcláir an Aontais faoi seach.

Tá tuairisc mhionsonraithe ar na módúlachtaí airgeadais i roinn 5 den doiciméad seo.

Is iad seo a leanas na córais faisnéise a mbeidh rochtain ag an Eilvéis orthu agus a mbeidh uirthi ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh ina leith i gcomhréir leis na módúlachtaí airgeadais a comhaontaíodh:

– an líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES) a bhunaítear le Rialachán (AE) 2016/589;

– Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) a bhunaítear le Rialachán (CE) 883/2004 agus Rialachán (CE) 987/2009;

– modúil Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) a bhunaítear le Rialachán (AE) 1024/2012 a bhaineann le hoibrithe a phostú, seirbhísí, cáilíochtaí gairmiúla, an Cárta Eorpach Gairmiúil, Gairmeacha Rialaithe agus an Tairseach Aonair Dhigiteach;

– córas faisnéise EudraGMDP maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, a bhunaítear le Treoir 2004/27/CE;

– tairseach EUROPHYT, a bhunaítear le Treoir 94/3/CE ón gCoimisiún an 21 Eanáir 1994;

– an Córas Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (RASFF), a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002;

– an t-ardán le haghaidh deimhniú sláintíochta agus fíteashláintíochta (TRACES), a bhunaítear le Rialachán (AE) 2017/625;

– an Córas Faisnéise Galar Ainmhithe (ADIS), a bhunaítear le Rialachán (AE) 2020/2002;

– bunachar sonraí an Aontais, a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001, maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn.

Is iad seo a leanas na gníomhaireachtaí a mbeidh rochtain ag an Eilvéis orthu agus a mbeidh uirthi ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh leo i gcomhréir leis na módúlachtaí airgeadais a comhaontaíodh:

– an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 851/2004;

– an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002;

– Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), a bhunaítear le Rialachán (AE) 2019/942;

I gcás ina bhfuil foinsí malartacha cistiúcháin ann faoi láthair, coinneofar na foinsí sin ar bun. Má thagann athrú ar an staid sin le linn shaolré na gcomhaontuithe, ba cheart feidhm a bheith ag na módúlachtaí airgeadais caighdeánacha. Tá na córais faisnéise agus na gníomhaireachtaí seo a leanas i gceist:

– TACHOnet, a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/68 ón gCoimisiún;

– an Córas Luathrabhaidh agus Freagartha (EWRS), arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/2371;

– Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA), arna bunú le Rialachán (AE) 2018/1139;

– an Córas Faisnéise Frithpháirteach maidir le Cosaint Shóisialta (MISSOC).

Chun a chur san áireamh nach mbeidh rochtain ag an Eilvéis ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) nach dtagann faoi raon feidhme an chomhaontaithe maidir le leictreachas, déanfar a ranníocaíocht oibríochtúil bhliantúil le ACER a ríomh ar bhonn méid tagartha bliantúil a chomhfhreagraíonn do 85 % de mhéid bhuiséad bliantúil an Aontais ar vótáladh ina fhabhar arna inscríobh i líne/línte fóirdheontais buiséid ábhartha an Aontais.

Faoin CAI atá ann faoi láthair (2021-2027) ní éileofar aon ranníocaíocht ón Eilvéis chun EWRS a mhaoiniú i gcomhréir leis na módúlachtaí airgeadais thuasluaite. Ina ionad sin, cumhdófar a ranníocaíocht lena ranníocaíochtaí i leith ECDC agus clár EU4Health a mhaoiniú toisc gurb iad sin an dá fhoinse chistiúcháin atá ag EWRS faoin CAI atá ann faoi láthair.

Ní féidir tionchar beacht ranníocaíochtaí na hEilvéise ar an mbuiséad a chinneadh tráth dréachtaithe an chomhaid seo toisc nach dtosóidh an Eilvéis ag ranníoc go dtí go mbeidh na comhaontuithe lena mbaineann tagtha i bhfeidhm agus braitheann a dteacht i bhfeidhm ar oibleagáidí bunreachtúla áirithe a bheith comhlíonta ag an Eilvéis. D'fhéadfadh sé go dtógfadh an próiseas sin roinnt blianta, rud a d'fhéadfadh a fhágáil nach dtiocfaidh na comhaontuithe i bhfeidhm le linn an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil atá ann faoi láthair.

Ós rud é go nginfidh na socruithe maoiniúcháin a comhaontaíodh sruth ioncaim athfhillteach do bhuiséad an Aontais agus go soláthrófar leis na forálacha caighdeánacha an tsamhail le haghaidh ranníocaíochtaí na hEilvéise i leith bainistíocht agus oibriú aon ghníomhaireachta nó córais faisnéise bhreise a bhfaighidh an Eilvéis rochtain orthu amach anseo, is ábhartha mar sin féin a léiriú conas a d'fhéadfadh na módúlachtaí airgeadais tionchar a imirt ar an mbuiséad. Leis na méideanna a luaitear, cuirtear i bhfeidhm na módúlachtaí airgeadais maidir le buiséad 2024, a bhí ina thagairt le linn na caibidlíochta maidir leis na socruithe maoiniúcháin agus na módúlachtaí íocaíochta.

- **Córais faisnéise**

*Líonra Eorpach na seirbhísí fostaíochta (EURES)*

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– R6 1 2 0 – Ciste Sóisialta na hEorpa Plus – Ioncam sannta

Sannfar an t-ioncam do na línte caiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

Airteagal 07 02 04 — CSE+ — sraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta, agus

– Airteagal 07 10 09 – An tÚdarás Eorpach Saothair (ELA): caiteachas a bhaineann le hardán EURES

*Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI)*

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– 6 1 2 0 – Ciste Sóisialta na hEorpa Plus – Ioncam sannta

– R 6 6 3 0 – Treoirthionscadail, gníomhaíochtaí ullmhúcháin, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile

Sannfar an t-ioncam do na línte caiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– Airteagal 07 02 04 – CSE+ — sraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta;

– Ítim 07 20 03 01 – Saorghluaiseacht oibrithe, comhordú scéimeanna slándála sóisialta agus bearta d'imircigh, lena n-áirítear imircigh ó thríú tíortha

*Faisnéis faoin Margadh Inmheánach (IMI)*

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– 6 00 03 00 – Clár an Mhargaidh Aonair – Ioncam sannta

Sannfar an t-ioncam don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– Ítim 03 01 01 01 – Caiteachas tacaíochta le haghaidh Chlár an Mhargaidh Aonair (03 01 01 01 02)

*EudraGMDP*

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– 6 6 2

Sannfar an t-ioncam don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– 6 10 03 01 – Ranníocaíocht an Aontais leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach

*EUROPHYT, iRASFF, TRACES, ADIS*

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– 60 30

Sannfar an t-ioncam don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– Airteagal 03 02 06 – Rannchuidiú le hardleibhéal sláinte agus leasa do dhaoine, ainmhithe agus plandaí

*Bunachar Sonraí an Aontais, a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001*

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– 6 06 08 – ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile – Ioncam sannta

Sannfar an t-ioncam don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– 02 20 04 02 – Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh beartas Eorpach fuinnimh agus le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh

- **Gníomhaireachtaí**

*Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA)*

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– 6 6 2

Sannfar an t-ioncam don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– Airteagal 06 10 01 – An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú

– Airteagal 06 10 02 – An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia

*Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)*

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– 6 06 08 – Gníomhaireachtaí díláraithe – Ioncam sannta

Sannfar an t-ioncam don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

– Airteagal 02 10 06 – Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)

## 3. TIONCHAR AIRGEADAIS

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

☑ Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

- **Córais faisnéise**

*Líonra Eorpach na seirbhísí fostaíochta (EURES)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam bliantúil (meastachán 2024) |
|---|---|
| R 6 1 2 0 | 999 897 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | |
|---|---|
| Líne ioncaim | Ioncam bliantúil measta |
| R 6 1 2 0 | 999 897 |
| Líne chaiteachais | Caiteachas bliantúil measta |
| 07 02 04<br>07 10 09 | 999 897 |

*Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI)*

| Línte ioncaim | Tionchar ar ioncam bliantúil (meastachán 2024) |
|---|---|
| R 6 1 2 0<br>R 6 6 3 0 | 227 136 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | |
|---|---|
| Líne ioncaim | Ioncam bliantúil measta |
| R6 1 2 0<br>R 6 6 3 0 | 227 136 |
| Líne chaiteachais | Caiteachas bliantúil measta |
| 07 02 04<br>07 20 03 01 | 227 136 |

*Faisnéis faoin Margadh Inmheánach (IMI)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam bliantúil (meastachán 2024) |
|---|---|
| 6 00 03 00 | 96 346 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | |
|---|---|
| Líne ioncaim | Ioncam bliantúil measta |
| 6 00 03 00 | 96 346 |
| Líne chaiteachais | Caiteachas bliantúil measta |
| Ítim 03 01 01 01 (03 01 01 01 02) | 96 346 |

*EudraGMDP*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam bliantúil (meastachán 2024) |
|---|---|
| 6 6 2 | 6 525 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | |
|---|---|
| Líne ioncaim | Ioncam bliantúil measta |
| 6 6 2 | 6 525 |
| Líne chaiteachais | Caiteachas bliantúil measta |
| 6 10 03 01 | 6 525 |

*EUROPHYT, iRASFF, TRACES, ADIS*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam bliantúil (meastachán 2024) |
|---|---|
| 6 0 3 0 | 727 804 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | |
|---|---|
| Líne ioncaim | Ioncam bliantúil measta |
| 6 0 3 0 | 727 804 |
| Líne chaiteachais | Caiteachas bliantúil measta |
| Airteagal 03 02 06 | 727 804 |

*Bunachar Sonraí an Aontais, a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam bliantúil (meastachán 2024) |
|---|---|
| 6 06 08 | 875 000 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | |
|---|---|
| Líne ioncaim | Ioncam bliantúil measta |
| 6 06 08 | 875 000 |
| Líne chaiteachais | Caiteachas bliantúil measta |
| 02 20 04 02 | 875 000 |

- **Gníomhaireachtaí**

*an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam bliantúil (meastachán 2024) |
|---|---|
| 6 6 2 | 3 670 862 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | |
|---|---|
| Líne ioncaim | Ioncam bliantúil measta |
| 6 6 2 | 3 670 862 |
| Líne chaiteachais | Caiteachas bliantúil measta |
| Airteagal 06 10 01 | 3 670 862 |

*An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam bliantúil (meastachán 2024) |
|---|---|
| 6 6 2 | 7 755 340 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | |
|---|---|
| Líne ioncaim | Ioncam bliantúil measta |
| 6 6 2 | 7 755 340 |
| Líne chaiteachais | Caiteachas bliantúil measta |
| Airteagal 06 10 02 | 7 755 340 |

*Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)*[8]

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam bliantúil (meastachán 2024) |
|---|---|
| 06 06 08 | 981 805 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | |
|---|---|
| Líne ioncaim | Ioncam bliantúil measta |
| 6 06 08 | 981 805 |
| Líne chaiteachais | Caiteachas bliantúil measta |
| 02 10 06 | 981 805 |

## 4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Le hAirteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ceanglaítear ar an gCoimisiún calaois agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Dá bhrí sin, is oibleagáid ghinearálta ar Sheirbhísí uile an Choimisiúin, faoi chuimsiú a bhfreagrachtaí laethúla a bhaineann le húsáid acmhainní, an chalaois a chosc agus a bhrath.

Tá tionchar diúltach ar leith ag aon chalaois nó neamhréireacht a bhaineann le cistí an Aontais ar chlú an Choimisiúin agus ar chur chun feidhme bheartais an Aontais. Glacadh Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin (CAFS) atá ann faoi láthair (COM(2019)196) an 29 Aibreán 2019, chun Straitéis 2011 a ionadú. Is doiciméad beartais é lena leagtar amach tosaíochtaí an Choimisiúin sa chomhrac in aghaidh na calaoise i bhfianaise an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Is iad príomhchuspóirí Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin 2019 1) 'tuilleadh feabhais a chur ar an tuiscint ar phatrúin chalaoise, ar phróifílí calaoiseoirí agus ar leochaileachtaí sistéamacha a bhaineann le calaois a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais' (bailiú agus anailísiú sonraí), agus 2) 'barrfheabhas a chur ar an gcomhordú, ar an gcomhar agus ar na sreafaí oibre le haghaidh an chomhraic in aghaidh na calaoise, go háirithe i measc sheirbhísí agus ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Choimisiúin' (comhordú, comhar agus próisis). Ag gabháil leis an straitéis tá Plean Gníomhaíochta a athbhreithníodh i mí Iúil 2023 agus a fhéachann, cosúil lena réamhtheachtaí, le gach cuid den timthriall frithchalaoise a neartú: cosc, brath, imscrúdú agus ceartú.

Is iad seo a leanas treoirphrionsabail agus sprioc-chaighdeáin Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin 2019:

– neamhfhulaingt ar an gcalaois;
– comhrac in aghaidh na calaoise mar chuid dhílis de rialú inmheánach;
– cost-éifeachtúlacht na rialuithe;

[8] Bunaithe ar mhéid tagartha bliantúil arb ionann é agus 85 % de mhéid bhuiséad bliantúil an Aontais ar vótáladh ina fhabhar arna inscríobh i líne/línte fóirdheontais buiséid ábhartha an Aontais.

- ionracas agus inniúlacht ghairmiúil fhoireann an Aontais;
- trédhearcacht maidir leis an mbealach a n-úsáidtear cistí ón Aontas;
- cosc calaoise, go háirithe seiceálacha a dhéanamh ar chláir chaiteachais ó thaobh cosanta calaoise de;
- acmhainneacht maidir le himscrúdú éifeachtach agus malartú tráthúil faisnéise;
- ceartú pras (lena n-áirítear cistí a ndearnadh calaois orthu agus smachtbhannaí breithiúnacha nó riaracháin a aisghabháil);
- dea-chomhar idir gníomhaithe inmheánacha agus seachtracha, go háirithe idir an tAontas Eorpach agus údaráis náisiúnta atá freagrach, agus i measc ranna institiúidí agus chomhlachtaí uile an Aontais lena mbaineann;
- cumarsáid inmheánach agus sheachtrach atá éifeachtach maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise.

## 5. BARÚLACHA EILE

Is i bhfoirm suim ranníocaíochta oibríochtúla ar thaobh amháin, agus táille rannpháirtíochta ar an taobh eile, a bheidh ranníocaíocht airgeadais bhliantúil na hEilvéise i leith córais agus gníomhaireachtaí faisnéise a mhaoiniú.

Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil bunaithe ar threoir ranníoca arna sainiú mar an cóimheas idir Olltáirgeacht Intíre (OTI) na hEilvéise ag praghsanna an mhargaidh agus OTI an Aontais ag praghsanna an mhargaidh. Is iad na OTInna a bheidh le cur i bhfeidhm na cinn is déanaí ón 1 Eanáir den bhliain ina ndéanfar an íocaíocht bhliantúil mar a sholáthróidh Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (EUROSTAT), agus aird chuí á tabhairt ar an gComhaontú maidir le comhar i réimse an staidrimh[9]. Má scoireann an comhaontú sin d'fheidhm a bheith aige, is é an figiúr a ghlacfar mar OTI na hEilvéise an figiúr a bhunófar ar bhonn na faisnéise arna cur ar fáil ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE).

Déanfar an ranníocaíocht oibríochtúil le haghaidh gníomhaireachtaí a ríomh tríd an treoir ranníoca a chur i bhfeidhm maidir le buiséad bliantúil an Aontais ar vótáladh ina fhabhar arna inscríobh ar líne/línte fóirdheontais buiséid ábhartha an Aontais den bhliain atá i gceist. Déanfar an ranníocaíocht oibríochtúil le haghaidh na gcóras faisnéise agus na ngníomhaíochtaí eile a ríomh tríd an treoir ranníoca a chur i bhfeidhm ar bhuiséad ábhartha na bliana i gceist mar a leagtar amach i ndoiciméid lena gcuirtear an buiséad chun feidhme (amhail cláir oibre nó conarthaí). Beidh na méideanna tagartha uile bunaithe ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas.

Is 4 % den ranníocaíocht oibríochtúil bhliantúil a bheidh sa táille rannpháirtíochta bhliantúil.

Is in euro a dhéanfar ranníocaíochtaí airgeadais uile na hEilvéise nó na híocaíochtaí uile ón Aontas agus is in euro a ríomhfar na méideanna a bheidh dlite nó le fáil.

Cuirfidh an Coimisiún Eorpach an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le rannpháirtíocht na hEilvéise in iúl don Eilvéis an 16 Aibreán den bhliain airgeadais ar a dhéanaí:

- na méideanna i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas de bhuiséad bliantúil an Aontais arna n-inscríobh ar líne nó línte buiséid ábhartha an Aontais maidir le fóirdheontais an Aontais don bhliain atá i gceist i leith gach gníomhaireachta agus na

[9] Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar i réimse an staidrimh (IO L 90, 28.3.2006, lch. 2)

méideanna i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas i ndáil le buiséad an Aontais ar vótáladh ina fhabhar don bhliain atá i gceist le haghaidh bhuiséad ábhartha na gcóras faisnéise;

– méid na táille rannpháirtíochta;

– a mhéid a bhaineann le gníomhaireachtaí, i mbliain N+ 1 na méideanna i ngealltanais bhuiséadacha a dhéantar maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a údaraítear i mbliain N ar líne/línte fóirdheontais buiséid ábhartha an Aontais i ndáil le buiséad bliantúil an Aontais inscríofa ar línte fóirdheontais buiséid ábhartha an Aontais do bhliain N.

Bunaithe ar a dhréachtbhuiséad, soláthróidh an Coimisiún Eorpach meastachán ar an bhfaisnéis thuasluaite a luaithe is féidir, agus ar a dhéanaí, faoin 1 Meán Fómhair den bhliain airgeadais.

Eiseoidh an Coimisiún Eorpach glaonna ar chistí chuig an Eilvéis a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht na hEilvéise i leith gach ceann de na gníomhaireachtaí, na córais faisnéise agus na gníomhaíochtaí eile ina bhfuil an Eilvéis páirteach. Íocfaidh an Eilvéis an méid a shonrófar sa ghlao ar chistí 60 lá ar a dhéanaí tar éis gur eisíodh glao ar chistí.

I ngach glao ar chistí, féadfaidh an Eilvéis íocaíochtaí ar leithligh a dhéanamh i leith gach gníomhaireachta, córais faisnéise nó gníomhaíochta eile.

Is é an toradh a bheidh ar aon mhoill ar íocaíocht na ranníocaíochta go n-íocfaidh an Eilvéis ús mainneachtana ar an méid atá gan íoc ón dáta dlite.

Is é an ráta úis ar mhéideanna is infhaighte nach n-íoctar ar an dáta dlite an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina mbeidh an dáta dlite, nó 0 %, cibé acu is airde, móide 3,5 pointe céatadáin.